**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánaíoch*

**A9-0191/2020**

14.10.2020

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)
(COM(2020)0078 – C9-0076/2020 – 2020/0035(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht.

Rapóirtéir don tuairim: Anna Deparnay-Grunenberg

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus má tá sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................... 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ............................................................................................. 28

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH ................................................ 30

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS .................................. 57

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ................................................................ 80

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ........ 81

## DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)**
**(COM(2020)0078 –C9-0076/2020 – 2020/0035(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0078),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0076/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ...[1]

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an …,[2]

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach agus don tuairim freisin ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0191/2020),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] IO C … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

Leasú 1

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ag teacht le cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais, go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta, rud a thugann le fios gur gá dlús a chur leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus cliste. Is é an t-iompar ***is cúis le ceathrú cuid*** d'astaíochtaí gás ***ceaptha teasa an Aontais, méid atá*** ag fás go fóill. Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Le hiompar inbhuanaithe a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d'úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana, níos sláintiúla agus níos glaine ná na nósanna soghluaisteachta a chur ar fáil dóibh na mar atá acu faoi láthair. ***Tugtar le tuiscint*** sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear dlús leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Go háirithe, ba cheart cuid shuntasach den 75 % de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig an iarnród agus chuig uiscebhealaí intíre. | (4) Ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais, go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta, rud a thugann le fios gur gá dlús a chur leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe***,*** cliste***, idirmhódúil, idir-inoibritheach agus idirnasctha***. Is é an t-iompar is cúis le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, méid atá ag fás go fóill. Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair ***a luaithe is féidir agus*** faoi 2050 ***ar a dhéanaí***. Le hiompar inbhuanaithe ***agus idirmhódúil*** a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d'úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana, níos sláintiúla***,*** níos glaine ***agus níos fuinneamhéifeachtúla*** a chur ar fáil dóibh ná na nósanna soghluaisteachta atá acu faoi láthair ***agus spreagadh a thabhairt dóibh siúd a úsáideann modhanna inbhuanaithe cheana féin amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí***. ***Bíonn ardchaighdeáin ó thaobh dálaí oibre de i gceist leis an iompar inbhuanaithe; bíonn leibhéil praghsanna a áiríonn costais sheachtracha i gceist leis freisin.*** Tugtar le tuiscint sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear dlús leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Go háirithe, ba cheart cuid shuntasach den 75 % de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig an iarnród agus chuig uiscebhealaí intíre***. Tá sé bunriachtanach dá bhrí sin dul ar aghaidh maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a chur chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***feidhme agus chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá ar fáil**.* |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 a) Tá earnáil an iompair buailte go han-dona ag an bpaindéim. Tá laghdú i líon na bpaisinéirí ann in earnáil an iarnróid nach bhfacthas riamh roimhe seo. In ainneoin na srianta oibríochtúla agus airgeadais, choinnigh an earnáil naisc ríthábhachtacha do dhaoine agus chun earraí bunriachtanacha agus dainséaracha a iompar. Bhíothas in ann an méid sin a dhéanamh a bhuí leis na fostaithe a lean de bheith ag obair faoi dhálaí deacra, dainséaracha agus neamhchinnte chun a áirithiú gur féidir soláthairtí míochaine agus earraí bunriachtanacha a iompar fud fad na hEorpa.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Trí phríomhbhealaí iompair an Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha an Aontais**,** rannchuidíonn an earnáil iarnróid le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus ilchríoch. | (6) Trí phríomhbhealaí iompair an Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha***, sléibhtiúla agus áiteanna ar deacair teacht orthu, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, trí naisc easnamhacha den iarnród réigiúnach trasteorann a bhunú agus a athbhunú***[1a] ***agus trí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh leictriúcháin de***[1b], rannchuidíonn an earnáil iarnróid le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus ilchríoch. ***Sa bhreis air sin, go minic bíonn líon níos lú líonraí agus líonraí níos lú forbartha i limistéir iargúlta agus thuaithe chun soláthar seirbhísí*** |

***bunúsacha a ráthú don phobal. Is ionann réigiúin trasteorann ar fud an Aontais agus 40 % de chríoch an Aontais, ina bhfuil tríú cuid dá dhaonra*** [1c] ***ach is minic a bhfuil dúbailt de deacrachtaí acu de bharr na hiargúltachta féin agus go bhfuil lonnaithe ar fhorimeall na líonraí náisiúnta. Tá roinnt naisc trasteorann fós in easnamh agus cuireann sé sin isteach ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh éifeachtúlacht iomlán a bhaint amach. Ba cheart go ndíreofar infheistíochtaí sa bhonneagar iarnróid ar na naisc sin chomh maith a chuireann le spriocanna an Aontais maidir leis an aistriú módúil, mar shampla i limistéir chalafoirt nó aerfoirt inar féidir lasta a dháileadh isteach faoin tír ar iarnród seachas ar bhóthar, ar choinníoll go bhfuil bonneagar iarnróid leordhóthanach ann. Is sprioc ríthábhachtach é idir-inoibritheacht a neartú agus cur chuige comhlántach a chur chun cinn i measc na n-earnálacha iompair go léir chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht eacnamaíoch sna réigiúin, chun poist nua a chruthú agus chun rannchuidiú le téarnamh ón ngéarchéim sláinte agus eacnamaíoch atá ann faoi láthair.***

__________________

***[1a] Tuarascáil ó AS REGIO "Cainníochtú ar éifeachtaí bacainní dlíthiúla agus riaracháin i réigiúin le teorainneacha talún" (Foinse: https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docoffic/2014/boosting_growth/quantif_effect_borders_obstacles.pdf***

***[1b] Tuarascáil ó AS REGIO "Cainníochtú ar éifeachtaí bacainní dlíthiúla agus riaracháin i réigiúin le teorainneacha talún" (Foinse: https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docoffic/2014/boosting_growth/quantif_effect_borders_obstacles.pdf***

***[1c] Tuarascáil ó AS REGIO "Cainníochtú ar éifeachtaí bacainní dlíthiúla agus***

***riaracháin i réigiúin le teorainneacha talún" (Foinse: https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/docoffic/2014/boosting_growth/quantif_effect_borders_obstacles.pdf***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, lena n-áirítear an gá le torann a laghdú. A luaithe a bheidh na constaicí sin sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur faoin iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe agus do ghnólachtaí araon. | (7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, lena n-áirítear an gá le ***hoscailt don iomaíocht, nuálaíocht, idir-inoibritheacht agus an digitiú a chothú, TEN-T agus na saorbhealaí lasta iarnróid a chun i gcrích, dlús a chur le córais bainistíochta traenach uile-Eorpacha (ERTMS) maidir le trealamh ar bord agus taobh riain araon a chur chun feidhme, costais sheachtracha a inmheánú agus chun torann a laghdú - trí laghdú torainn ag an bhfoinse agus trí iarfheistiú a dhéanamh ar vaigíní lastais iarnróid, agus bearta cosanta torainn amhail ballaí taobh riain. Is minic a chuireann a cleachtais oibríochtúla agus gnó atá as dáta, mar aon leis an iomarca trealaimh agus rothstoc atá ag dul in aois, bac ar iarnród***. A luaithe a bheidh na constaicí sin sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin***, agus áiritheofar ag an am céanna feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, méadú tráchta, agus coinneáil nó feabhsú na leibhéal sabháilteachta atá ard cheana féin***. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur ***faoi earnáil an iarnróid*** chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe***, d'fhostaithe*** |

agus do ghnólachtaí araon. ***Chun é sin a bhaint amach, is gá bonneagar oiriúnach a bheith aici agus is gá di leas a bhaint as ionstraim chistiúcháin láidre ó AE*. *Ba cheart ról Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh maidir le laghdú bacainní teicniúla laistigh den limistéar Eorpach aonair iarnróid a chur chun suntais.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, ba cheart 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid. Beidh 2021 ina bliain thábhachtach do bheartas iarnróid an Aontais, an chéad bhliain iomlán ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, eadhon maidir le margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise san hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, i líon áirithe Ballstát, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon “Europalia” déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch. | (8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, ba cheart 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid. Beidh 2021 ina bliain thábhachtach do bheartas iarnróid an Aontais, an chéad bhliain iomlán ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, eadhon maidir le margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Is gá tábhacht ar leith a thabhairt freisin d’fhorfheidhmiú ceart an cheathrú colún teicniúil agus do ról nua Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA). Ba cheart go mbeadh Bliain Eorpach an Iarnróid ina túsphointe le haghaidh straitéis níos ginearálta ar iarnróid, a bhfuil sé d’aidhm aici limistéar Eorpach aonair iarnróid a bhaint amach**.** Tá an pobal ag cur níos mó spéise san hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, i líon áirithe Ballstát, mar a léirítear freisin leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Ba cheart go mbeadh na hiarnróid lárnach chun réitigh taistil réidh “ó dhoras go |

doras” a sholáthar i dteannta le modhanna eile, lena n-áirítear taisteal gníomhach. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon ‘Europalia’, déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch, tionsclaíoch ***agus éiceolaíoch***.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Tromlach an-mhór den iompar lastais, tosaíonn sé nó críochnaíonn sé i mbailte agus i mbruachbhailte. Tá cónaí ag 70 % den daonra ansin agus cruthaítear 85 % de OTI AE sna limistéir sin. Ar an gcaoi chéanna, is ionann comaitéirí agus 80 go 90 % de phaisinéirí uile. Ciallaíonn sé sin go rannchuidíonn ceirtleáin uirbeacha go suntasach le feidhmíocht foriomlán d’iompar paisinéirí ar iarnród. Dá bhrí sin, is gá líonta fo-uirbeacha nó réigiúnacha a nuachóiriú agus a athchóiriú chun soghluaisteacht chliste uirbeach a spreagadh le tionchar éiceolaíoch níos ísle agus le comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch níos fearr. Tá gá le cistí suntasacha agus rátaí cómhaoinithe méadaithe don infheistíocht i mbonneagar iarnróid agus is ríthábhachtach iad d’iomaíochas módúil an iarnróid. Tá infheistíocht i mbonneagar iarnróid riachtanach d’iomaíochas módúil an iarnróid. Le 80 % den chistiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa á dhíriú ionsar iarnród, tá freagracht ar na Ballstáit freisin tabhairt faoi bheartais infheistíochta uaillmhianacha chun an t-aistriú módúil a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh na hinfheistíochtaí sin*** |

***bunaithe ar "innéacs nascachta iarnróid" chun éifeachtúlacht an Limistéir Eorpaigh Aonair Iarnróid a uasmhéadú. Ní féidir gannmheas a dhéanamh ar ról foirne spreagtha, a ráthaíonn réidhe na n-oibríochtaí. Bíonn fadhbanna ag earnáil an iarnróid, áfach, fostaithe nua a mhealladh. Chun barr a cumais a bhaint amach, ní mór di a lucht saothair a éagsúlú agus go háirithe mná agus oibrithe óga a mhealladh. Ba cheart an dearcadh sin a chur chun cinn ag gach leibhéal institiúideach.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) Chun mealltacht na n-iarnród a fheabhsú, is gá go mbeadh na seirbhísí dírithe ar an úsáideoir agus eagraithe agus curtha i gcrích ar bhealach lena soláthraítear luach maith, iontaofacht leanúnach agus cáilíocht seirbhíse den scoth. Ba cheart na seirbhísí sin a phraghsáil go hiomaíoch, lena léirítear éifeachtúlacht ó thaobh acmhainní de.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach ***agus sábháilte, go háirithe trí bhéim a leagan ar ról an iarnróid chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí chun cuidiú le cuspóir na neodrachta ó thaobh aeráide de san Aontas a bhaint amach faoi 2050 agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go*** | (a) an t-iarnród a chur chun cinn mar ***chnámh droma an*** iompair inbhuanaithe, nuálach, ***, idirmhódúil, sábháilte agus inacmhainne agus mar líonra lóistíochta éifeachtúil, atá in ann seirbhísí bunriachtanacha a ráthú, fiú le linn ghéarchéimeanna gan choinne;*** |

***háirithe an t-aos óg;***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) ról an iarnróid a chur chun cinn chun cuidiú le cuspóir na neodrachta ó thaobh aeráide de san Aontas a bhaint amach a luaithe is féidir agus faoi 2050, agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe le daoine atá faoi mhíchumas agus a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar aon leis an aos óg;*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a b (nua) agus a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a b) an t-iarnród a neartú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an gcomhar trasteorann i measc bainisteoirí bonneagair chun nascacht iarnróid níos fearr thar theorainneacha a éascú, lena n-áirítear traenacha trasteorann cairtfhostaithe;*** |
| | ***(a c ) aistriú módúil a fhorbairt agus a chur in iúl i mbeartas na turasóireachta mar líonra atá in ann limistéir thuaithe a idirnascadh agus atá in ann borradh a chur faoi thurasóireacht Eorpach inbhuanaithe, agus feasacht phoiblí a chruthú i ndáil léi;*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aird a tharraingt chomh maith ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród**,** gné a cheanglaíonn saoránaigh le chéile, gné lena mbeifear in ann an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, gné a chothaíonn comhtháthú agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú; | (b) aird a tharraingt chomh maith ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród, gné a cheanglaíonn saoránaigh le chéile, gné lena mbeifear in ann an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, gné a chothaíonn comhtháthú ***socheacnamaíoch agus críochach*** agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú***, agus ag an am céanna, cur i gcrích TEN-T á chur chun cinn, deireadh á chur le scrogaill i limistéir trasteorann go príomha, agus dá bhrí sin an iompar a dhéanamh níos idir-inoibrithí trí réitigh chuimsitheacha do dhaoine agus d'earraí a sholáthar; agus aird a tharraingt dá bhrí sin ar an ngá leis an meascán de líonraí iarnróid náisiúnta san Aontas a athrú ina líonra fíor-Eorpach, go háirithe trí tacú le nascacht iarnróid réigiúnaigh ar fud AE***; |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, tionscal agus sochaí de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear, go háirithe, gnéithe a bhaineann le forbairt réigiúnach, iomaíochas tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, nuálaíocht, fostaíocht, oideachas, an t-aos óg agus cultúr, agus feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas***;*** | (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, tionscal***, tráchtáil*** agus sochaí de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear, go háirithe, gnéithe a bhaineann le forbairt réigiúnach ***agus áitiúil***, iomaíochas tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, ***gairmeacha mealltacha,*** taighde agus nuálaíocht, fostaíocht, oideachas, an t-aos óg agus cultúr, agus feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine scothaosta ***agus do dhaoine*** faoi mhíchumas ***agus a bhfuil*** |

***a soghluaisteacht laghdaithe***;

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) tacú go láidir le taighde agus nuálaíocht iarnróid, go háirithe trí Shift2Rail agus a chomharbaí, go háirithe d'fhonn toilleadh sa líonra iarnróid Eorpach a mhéadú, agus seirbhís iarnróid ar cháilíocht níos airde agus dícharbónú a bhaint amach*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c b) béim a chur ar sheasamh an Aontais mar chnuasach d'iomaíochas tionsclaíoch domhanda ag a bhfuil tionscnaimh shuaitheanta nuálaíocha agus onnmhairiúcháin;*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c c) roinnt sonraí a éascú le hiontrálaithe nua agus le soláthraithe tríú páirtí.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) an iompar ar iarnród a neartú i gceirtleáin agus i mbruachbhailte, chun iompar spárála spáis, atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don duine agus ó dhoras go doras a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chearta do phaisinéirí atá sothuigthe agus a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach chun feabhas a chur ar cháilíocht seirbhísí agus chun cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a spreagadh;*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d b) an ról atá ag an iarnród sa chomhshamhlaíocht chomhroinnte Eorpach a shlógadh, go háirithe na gnéithe cultúrtha agus stairiúla, á mheabhrú ról na n-iarnród i dtógáil rathúnas na hEorpa agus sna réabhlóidí tionsclaíocha i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha sa 21ú haois; agus a chur chun suntas gur mithid dúinn traenacha, stáisiúin traenach agus bonneagar iarnróid a chur chun cinn agus a chéiliúradh mar chuid de chomhoidhreacht na hEorpa i gcomhar le músaeim nó láithreacha agus imeachtaí cultúrtha eile;*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d c) an líonra traenach oíche atá ann cheana san Aontas a chur chun cinn agus tionscnaimh a mholadh ina bhfuil traenacha oíche trasteorann á n-úsáid chun sainaitheantas físeach an Aontais a chur chun cinn;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d d) mealltacht gairmeacha iarnróid a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhálaí córa seirbhíse agus cosaint fostaithe i gcoinne drochíde a mholadh.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionscnaimh agus imeachtaí chun plé a spreagadh, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht saoránach, gnólachtaí agus údarás poiblí a éascú chun tuilleadh daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, trí leas a bhaint as níos mó ná modh nó uirlis amháin, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit; | (a) tionscnaimh agus imeachtaí chun plé a spreagadh***, dea-íomhá a chruthú***, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht saoránach, gnólachtaí***,*** agus údarás poiblí a éascú ***chun muinín san iarnród a athbhunú*** chun tuilleadh daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, trí leas a bhaint as níos mó ná modh nó uirlis amháin, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit ***ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus an tsábhailteacht agus compord a bhaineann le taisteal ar iarnród mar mhodh idirmhódúil a chur*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun suntais ag an am céanna***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) tionscnaimh a chuireann béim ar an bhfíoras go bhfuil ról lárnach ag an iarnród san iompar 'ó dhoras go doras', a chuireann béim ar an ngá atá le comhtháthú idirmhódúil agus le hidirnascacht le móid eile, lena n-áirítear do réigiúin atá forimeallach go geografach agus oileáin;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a b) tionscnaimh sna Ballstáit chun pátrúin chomaitéireachta iarnróid agus taisteal ar ghnó ar iarnród a spreagadh san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a c) tionscnaimh chun tacú le nuálaíocht theicneolaíoch chun tréthicéadú agus ticéid ilmhódúil dhigiteacha a fhorbairt;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a d) tionscnaimh chun infheistíocht i críochfoirt agus rothstoc a chur chun cinn mar rogha aistrithe mhódúil feabhsaithe a rannchuideoidh le dícharbónú iompair lastais agus le forbairt na soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a e) tionscnaimh a léireoidh an ghné uilíoch atá ag iarnród ó thaobh seirbhíse de, lena ráthófar inrochtaineacht chríochach agus gnéithe eile inrochtaineachta (am feithimh, dlús na bpointí rochtana, inrochtaineacht do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus paisinéirí scothaosta etc) araon;*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a f) féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí innéacs nascachta iarnróid a chruthú a mbeidh sé d'aidhm aige aicmiú*** |

***a dhéanamh ar chomhsheasmhacht, cáilíocht agus éagsúlacht na tairsceana mar aon le roghanna inrochtaineachta agus idirmhódúla lena ndéanfar comhtháthú an líonra a thomhais. Is é an aidhm a bheidh leis an innéacs sin ná na réimsí ina bhfuil infheistíocht in earnáil an iarnróid fíor-riachtanach a shainaithint.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gníomhaíochtaí scaipthe faisnéise, taispeántas, gníomhaíochtaí spreagtha, gníomhaíochtaí oideachais agus múscailte feasachta chun athrú iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe a bhaint amach; | (b) gníomhaíochtaí scaipthe faisnéise, taispeántas, gníomhaíochtaí spreagtha, gníomhaíochtaí oideachais agus múscailte feasachta***, mar aon le traenacha taispeána agus faisnéise,*** chun athrú iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe a bhaint amach; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) taithí agus dea-chleachtais a bhailiú chun cothroime iomaíochta a chruthú idir na modhanna iompair agus ar deireadh thiar an costas ar an tsochaí a laghdú,*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e b) tacaíocht do leathadh bonneagair réigiúnaigh go háirithe trí iompar lastais amach ó phríomhchonairí a mholadh;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e c) tionscnaimh chun féidearthachtaí a aithint chun an líonra a optamú agus an digitiú a fheabhsú, go sonrach chun faisnéis fíor-ama a sholáthar faoi tháillí agus tráthchláir, ionas gur féidir le paisinéirí comparáidí a dhéanamh agus faisnéis a rochtain faoi sholáthraithe neamhspleácha tríú páirtí;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e d) gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh ar bhonn níos fearr faoi fhorfheidhmiú ceart paisinéirí, lena n-áirítear tionscnaimh chun feabhas a chur ar an bhfaisnéise atá ar fáil do phaisinéirí, agus Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 á fhorfheidhmiú chun sonraí inchomparáide ar na modhanna iompair*** |

***uile a chur ar fáil;***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e e) tionscnaimh chun aistriú módúil sa tuarasóireacht a chur chun cinn le tacaíocht chomhpháirteach ón earnáil iarnróid, ó thionscal an cultúir Eorpaigh agus ó ionadaithe náisiúnta agus Eorpacha an tionscail turasóireachta, mar líonra atá in ann gach limistéar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a nascadh, atá in ann feasacht phoiblí maidir le turasóireacht inbhuanaithe Eorpach a fhorbairt agus a ardú.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e f) cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, na gcomhpháirtithe agus na n-imeachtaí a leagtar amach in iarscríbhinn na n-imeachtaí agus na gcomhpháirtíochtaí;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e g) tionscnaimh chun a áirithiú, maidir le cistí AE atá leithdháilte do na*** |

***hiarrachtaí téarnaimh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, go n-úsáidfear na cistí sin chun bonneagar iarnróid Eorpaigh a leathadh agus a fheabhsú go mór, agus go mbainfidh na Ballstáit lánúsáid as an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) i ndáil le rothstoc ar bord agus le bonneagar araon, go méadóidh siad an chosaint torainn agus go neartóidh siad línte friothálacha chun an tsoghluaisteacht ó dhoras go doras a fheabhsú.***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar leibhéal náisiúnta a eagrú. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit ***comhordaitheoirí*** náisiúnta a cheapadh. Áiritheoidh na comhordaitheoirí náisiúnta comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta. | Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar leibhéal náisiúnta a eagrú. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit ***comhordaitheoir*** náisiúnta a cheapadh ***agus cuirfidh siad acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha ar fáil le haghaidh chúraimí an chomhordaitheora***. Áiritheoidh na comhordaitheoirí náisiúnta comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta ***agus soláthróidh siad nasc chuig comhordú ar leibhéal an Aontais***. ***Roghnófar comhordaitheoirí náisiúnta ar bhonn an ghealltanais atá cruthaithe acu i leith fhorbairt an iarnróid san Eoraip.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Is iad na Ballstáit, agus a struchtúr polaitiúil agus dáileadh na gcumhachtaí á*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtabhairt san áireamh, a cheapfaidh na comhordaitheoirí ábhartha.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh páirtithe leasmhara agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair iarnróid, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta atá ann cheana ***agus*** na ENRanna ábhartha, mar aon le heagraíochtaí don aos óg agus comhphobail, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. | Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh páirtithe leasmhara agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair iarnróid, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta atá ann cheana***,*** na ENRanna ábhartha, ***ollscoileanna agus ionaid teicneolaíochta,*** mar aon le ***hionadaithe ó*** eagraíochtaí don aos óg***, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe*** agus comhphobail, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. ***Úsáidfidh an Coimisiún na cruinnithe céanna chun díospóireacht uile-Eorpach a chur chun cinn maidir leis an mbeartas iarnróid, maidir le bacainní, maidir leis an gcumas dícharbónú a dhéanamh agus maidir le beartas soghluaisteachta atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de d'fhonn smaointe reachtacha amach anseo a bhunú ar an ionchur sin.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Buiséad*** |

***Is é EUR 16 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla a údarú faoi theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Iarscríbhinn**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Iarscríbhinn*** |
| | ***Imeachtaí agus comhpháirtíochtaí*** |
| | ***Tacóidh comhpháirtíochtaí le raon gníomhaíochtaí chun éifeacht a a thabhairt do Bhliain Eorpach an Iarnróid trí imeachtaí atá beartaithe do shaoránaigh. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo liosta neamh-uileghabhálach d'imeachtaí atá le reáchtáil le linn Bhliain Eorpach an Iarnróid, a gheobhaidh tacaíocht ó chomhphairtíochtaí éagsúla de réir a raon feidhme.*** |
| | ***Reáchtálfar na comhpháirtíochtaí, imeachtaí nó gníomhaíochtaí seo a leanas le linn na Bliana Eorpaí, más féidir de réir na n-imthosca:*** |
| | ***- Comhpháirtíochtaí le féilte scannánaíochta ar fud na hEorpa chun príomhról an iarnróid sa scannánaíocht a chur chun suntais; comhar le músaeim Eorpacha iarnróid agus le himeachtaí cultúrtha atá cheana ann amhail féilte scannánaíochta agus taispeántais ealaíne*** |
| | ***- Comhpháirtíocht le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh chun béim a chur ar seo a leanas:*** |
| | ***(i) feidhmíocht na hearnála san Eoraip;*** |

***(ii) oilteacht na ngníomhaithe san earnáil, go háirithe oibrithe iarnróid;***

***(iii) na buntáistí a bhaineann le hiarnród ó thaobh na sábháilteachta agus chosaint an chomhshaoil de; agus***

***(iv) deiseanna gairmeacha do dhaltaí, do mhic léinn agus do phrintísigh;***

***- Músaeim iarnróid a úsáid chun teachtaireacht faoin mBliain Eorpach a scaipeadh;***

***- Traenacha taispeána soghluaiste san Aontas chun an pobal a chur ar an eolas faoi chuspóirí na Bliana Eorpaí agus chun mealltacht a dteachtaireachtaí iomadúla a chur chun suntais;***

***- Pasanna idir-iarnródaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga i gcomhcheangal le tréimhsí staidéir Erasmus nó comórtais chun raon feidhme na Bliana Eorpaí a leathadh;***

***- Acmhainneacht stáisiún mar dhánlanna, ionaid cruinnithe uirbeacha agus moil eacnamaíocha, chultúrtha agus shibhialta a shaothrú.***

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is díol sásaimh don Rapóirtéir é an togra seo ón gCoimisiún a dhearbhaíonn 2021 ina 'Bliain Eorpach an Iarnróid' agus a bhfuil sé d'aidhm aige iompar d'iarnród a chur chun cinn, i gcomhréir le cuspóirí na soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.
Is é an t-iompar is cúis le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, méid atá ag fás go fóill. Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Thairis sin, i gcomhréir leis an Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair, is gá 50 % den sciar den mhargadh a aistriú go turais mheánaistir agus idirchathracha do phaisinéirí ó iompar de bhóthar go hiompar d'iarnród, agus, in earnáil an lastais, faoi 2030, ba cheart go n-aistreoidh 30 % den iompar lastais de bhóthar go modhanna eile amhail iompar d'iarnród nó d'uisce, agus níos mó ná 50 % faoin mbliain 2050.

Ceann de na príomhthosca chun rath an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach ná aird agus iarrachtaí a dhíriú ar iarnród: ba cheart go mbeadh traenacha níos inacmhainne, níos minice, le naisc níos fearr agus níos tíosaí ar fhuinneamh. Is gá ról suntasach a bheith ag iompar d'iarnród maidir le dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí iompair, toisc é a bheith ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó, tá an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh iontu ag méadú, agus astaíonn an earnáil i bhfad níos lú CO2 ná taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleáin. Thairis sin, tá sé ar cheann de na modhanna iompair is sábháilte agus nascann sé daoine agus gnó ar fud AE. In ainneoin na tairbhí soiléire sin, áfach, cuirtear an t-iarnród faoi mhíbhuntáiste suntasach i gcomparáide le modhanna eile iompair, go háirithe an eitlíocht. Tá aerlínte díolmhaithe ó cháin a íoc ar bhreosla eitlíochta, agus faigheann siad méid suntasach lámhháltais shaora faoin gCóras Trádála Astaíochta. Leis na buntáiste sin, ciallaíonn sé, fiú do ghearraistir, go gcuirtear an t-iarnród faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis an eitlíocht, a dhéanann eitiltí gearraistir a thairiscint ar phraghsanna níos iomaíche in ainneoin na hiarmharta aeráide níos mó.

Ní hamháin go dtacaíonn an Rapóirtéir leis an togra maidir le 'Bliain Eorpach an Iarnróid 2021' ach molann sé don Choimisiún a bheith freisin níos uaillmhianaí fós. Ní mór dár sochaí aistriú ó iompar de bhóthar agus an eitlíocht i bhfabhar an iarnróid. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíochtaí i dtoilleadh bonneagair iarnróid, lena ndéanfar an líonra a fhadú agus teicneolaíochtaí digiteacha bainistithe tráchta amhail ERTMS a úsáid.
Fiú nuair a bhí na Ballstáit nach mór ina stad de bharr na géarchéime sláinte domhanda i ngeall ar COVID-19, lean na córais iarnróid agus na córais uirbeacha iarnróid den chúrsaíocht earraí a áirithiú agus de sheirbhísí bunúsacha a choinneáil ar bun, lena n-áirítear do phaisinéirí a oibríonn i 'ngairmeacha bunriachtanacha'.

Iarrann an Rapóirtéir go gcuirfí feabhas ar an iompar poiblí chun pleanáil uirbeach inbhuanaithe a bheith ann le haghaidh réitigh soghluaisteachta níos boige. Is féidir é sin a bhaint amach trí chóras éifeachtach praghsála iompair agus ticéad inacmhainne iarnróid, chun feabhas a chur ar phatrúin tráchta agus chun roghanna inbhuanaithe módúla a chothú do phaisinéirí agus d'oibreoirí lóistíochta.

Is mian leis an Rapóirtéir timpeallacht chomhoibríoch a bhunú chun oibriú i gcomhar le gnóthais iarnróid agus ar deireadh chun córas tréthicéadaithe a bhunú in AE, go háirithe i gcás

turais thar theorainneacha, rud a chuirfeadh ar chumas paisinéirí a gcearta a éileamh i gcás nasc caillte mar gheall ar mhoill ar chéim sa turas roimhe sin.

Léiríonn an Rapóirtéir freisin a thábhachtaí atá sé traenacha oíche a athbheochan agus naisc réigiúnacha a thógáil ar fud AE. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíocht a dhéanamh i rothstoc agus i mbonneagar na dtraenacha oíche, chun bealaí a athghníomhachtú chun go mbeidh siad ina rogha mhalartach inmharthana agus inacmhainne do thaistealaithe chuig cinn scríbe na hEorpa faoi mar a bhí sé roimhe seo. I ndáil leis sin, le linn na Bliana Eorpaí, molann an Rapóirtéir don Choimisiún líonra traenach oíche AE atá ann cheana a chur chun cinn a mhéid agus is féidir agus tionscnaimh a bheith aige ina mbeidh traenacha trasteorann oíche ag gluaiseacht lena léireofar sainaitheantas físeach AE.

Teastaíonn maoiniú ó 'fíor-athbheochan an iarnróid' ar cheart a dhíriú go háirithe ar naisc easnamhacha den iarnród réigiúnach trasteorann a thabhairt ar ais arís, na línte, droichid agus tolláin atá ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú, agus línte nach bhfuil in úsáid a athghníomhachtú ina féidir paisinéirí agus lastas a aistriú go dtí an iarnród; ba cheart go dtacódh an cistiú leis an taighde agus leis an nuálaíocht san iompar glan agus ba cheart iad a dhíriú i dtreo na soghluaisteachta inbhuanaithe, idirmhódúla agus cliste, leis an iarnród i gcroílár aon straitéis soghluaisteachta Eorpaí agus mar réamhchoinníoll don chistiú.

Creideann an Rapóirtéir go láidir go mbeidh Bliain Eorpach an Iarnróid 2021 in ann infheictheacht a chruthú agus an t-iarnród a chur chun cinn mar bhealach tarraingteach agus inbhuanaithe chun bogadh, do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis a bhuí le tionscadail, díospóireachtaí, imeachtaí agus taispeántais a bheidh ar siúl ar fud na hEorpa.

Cuireann an t-iarnród leis an ngeilleagar san Aontas Eorpach, cuireann sé poist agus tairbhí eile ar fáil do phobail áitiúla agus cuireann sé le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú. Cuirfidh an Bhliain Eorpach seo an t-iarnród i láthair mar mhodh iompair inbhuanaithe, nua-aimseartha agus sábháilte agus rachaidh sí i bhfeidhm ar an bpobal i gcoitinne, rud a chothóidh comhtháthú agus cuimsiú sóisialta, ag díriú go háirithe ar an óige agus ar dhaoine faoi mhíchumas.

14.7.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)
(COM(2020)0078 – C9-0076/2020 – 2020/0035(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Martina Michels

## RÉASÚNÚ GEARR

Mhol an Coimisiún Eorpach an 4 Márta 2020 go mbeadh Bliain Eorpach an Iarnróid ann i 2021 chun iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach agus shábháilte, trí imeachtaí, feachtais agus tionscnaimh a eagrú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Leag an Coimisiún Eorpach amach an Comhaontú Glas don Eoraip, ina theachtaireacht an 11 Nollaig 20191, a raibh sé d'aidhm aige neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Toisc gurb é iompar is cúis le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, beidh ról ríthábhachtach ag an earnáil iarnróid i mbaint amach na sprice sin.

Dá bhrí sin, tá straitéis bunaithe ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste á staidéar ag an gCoimisiún, a bhfuil sé mar thosaíocht ann cuid shuntasach den 75 % den lastas intíre a iompraítear san Eoraip inniu a aistriú chuig an iarnród agus chuig uiscebhealaí intíre.

Rinne ráig COVID-19 difear don Aontas Eorpach ina iomláine agus bhí tionchar mór aici ar an iompar agus ar nascacht san Aontas. Féadfaidh Bliain Eorpach an Iarnróid a bheith ina deis chun tús a chur le díospóireacht chuiditheach ar na dúshláin a bheidh roimh na modhanna iompair uile amach anseo agus ar na bearta is gá a chur chun feidhme chun sláinte oibrithe iompair agus paisinéirí a chosaint.

Is geal leis an rapóirtéir an togra ón gCoimisiún chun 2021 a dhearbhú ina "Bliain Eorpach an Iarnróid" agus an cuspóir atá aici spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an Aontais, na mBallstát, na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, agus eagraíochtaí eile chun an sciar de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar iarnród a mhéadú.

Creideann an rapóirtéir gur cuid ríthábhachtach de straitéis an Aontais chun an t-athrú aeráide a comhrac é modhanna iompair atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don chomhshaol agus fuinneamhéifeachtúil a chruthú agus a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, cuireann an rapóirtéir i bhfios go láidir an ról ríthábhachtach atá ag an mbeartas comhtháthaithe chun feabhas a chur

ar líonraí iarnróid inmheánacha agus trasteorann an Aontais Eorpaigh, go háirithe sna réigiúin bheagfhorbartha.

Measann an rapóirtéir gur deis thábhachtach í Bliain Eorpach an Iarnróid chun straitéisí a scrúdú chun feabhas a chur ar bheartais iarnróid an Aontais, go háirithe i gceantair thuaithe agus trasteorann, áiteanna ina leantar de líonraí iarnróid áitiúla agus stáisiúin traenach áitiúla a dhíchóimeáil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar inrochtaineacht do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíbhuntáiste agus feabhas a chur ar chearta paisinéirí, ar chóras áirithinte agus córas ticéad níos fearr, agus feabhas a chur ar bhonneagair agus ar sheirbhísí.

Tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart go mbeadh iompar d'iarnród ina fhíor-rogha mhalartach ar mhodhanna iompair atá saincheaptha don duine aonair agus ar eitiltí gearraistir agus meánaistir. Tugann an ghné thrasteorann atá ag an iompar d'iarnród saoránaigh le chéile ar bhonn níos dlúithe, tugann sí deis dóibh an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht agus a shaibhreas cultúrtha a bhlaiseadh. Ba cheart go gcothófaí an comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach freisin i ngeall ar ghné thrasteorann an iompair d'iarnród, go háirithe faoi chuspóirí an bheartais chomhtháthaithe tar éis 2020 le haghaidh Eoraip níos glaise agus níos nasctha.

Creideann an rapóirtéir go bhféadfadh Bliain Eorpach an Iarnróid in 2021 cuidiú freisin le feasacht a mhéadú maidir leis an ngá atá ann an t-iarnród a nuachóiriú, lena n-áirítear a bhonneagar digiteach agus a sheirbhísí digiteacha ar fud na mBallstát.

Molann an rapóirtéir bearta nithiúla breise freisin chun cuspóirí Bhliain Eorpach an Iarnród a bhaint amach, amhail *inter alia* iad seo a leanas: línte iarnróid áitiúla, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha do phaisinéirí agus do lastas a athghníomhú, líonra Eorpach de thraenacha oíche a dhéanfaidh freastal ar gach Ballstát agus ar thíortha comharsanacha a thabhairt ar ais, córas áirithinte ticéad a fhorbairt a bheith comhaontaithe agus bailí sna Ballstáit uile agus i gcás cuideachtaí iarnróid uile a fheidhmíonn san Aontas.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019[15], Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh | (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019[15], Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh |

an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach. Is straitéis nua fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta d'úsáid acmhainní.

an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach. ***Ní beartas feabhsaithe aeráide amháin atá sa*** Chomhaontú Glas don Eoraip***, ach*** is straitéis nua fáis ***í atá comhtháite agus cuimsitheach le huaillmhian chomhshaoil chun geilleagar agus sochaí an Aontais a athrú ó bhonn agus é a chur ar bhealach inbhuanaithe a thacaíonn le cearta sóisialta agus a fheabhsaíonn an saol do shaoránaigh uile an Aontais.*** Is é is aidhm leis an straitéis ***sin*** ná an tAontas Eorpach a iompú ***tuilleadh*** ina shochaí chothrom rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha, ***sóisialta,*** iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de***, ag a bhfuil cruthú post agus deiseanna mar thosaíocht aige,*** nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa AE ann faoi 2050, agus ina mbeidh ***an fhorbairt inbhuanaithe*** díchúpláilte feasta d'úsáid acmhainní. ***Aithníonn an Comhaontú Glas don Eoraip an gá le freagairt éifeachtach agus fhorásach chun dul i ngleic le bagairt phráinneach an athraithe aeráide agus tionchair na mbeart a glacadh.***

---

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final)

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final)

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) De bhrí go gciallaíonn na hathruithe atá tarlaithe i sochaí na hEorpa mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus na héifeachtaí sláinte*** |

***agus eacnamaíocha atá acu, lena n-áirítear na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar an margadh inmheánach maidir le saorghluaiseacht earraí agus saoránaigh, gur gá aird a thabhairt ar na naisc chumarsáide ar cuireadh isteach orthu le linn na paindéime, chomh maith leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ina diaidh.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ina conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019[16], d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas Eorpach atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050. | (2) Sna conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019[16], d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir chun Aontas Eorpach atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050***, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras***. |
| [16] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019 | [16] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019 |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Sa rún uaithi an 15 Eanáir 2020[17], chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an "gComhaontú Glas don Eoraip" ***agus d'iarr sí go ndéanfaí*** an t-aistriú riachtanach chuig sochaí neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050 ar a dhéanaí. | (3) Sa rún uaithi an 15 Eanáir 2020[17], chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an "gComhaontú Glas don Eoraip"***, lena leagtar béim ar an ngá práinneach le gníomhaíocht uaillmhianach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus dúshláin chomhshaoil chun srian a chur ar an téamh domhanda go 1,5,5ºC,*** agus an t-aistriú riachtanach chuig sochaí neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050 ar a dhéanaí |

| | |
|---|---|
| | ***agus d'iarr sí go ndéanfaí méadú ar uaillmhian an Aontais i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre faoi 2030***. |
| [17] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP)) | [17] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP)) |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ag teacht le cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais, go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta, rud a thugann le fios gur gá dlús a chur leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus cliste. Is é an t-iompar ***is cúis le ceathrú cuid*** d'astaíochtaí gás ***ceaptha teasa an Aontais, méid atá*** ag fás go fóill. Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Le hiompar inbhuanaithe a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d'úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana, níos sláintiúla agus níos glaine ná na nósanna soghluaisteachta a chur ar fáil dóibh na mar atá acu faoi láthair. ***Tugtar le tuiscint*** sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear dlús leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Go háirithe, ba cheart cuid shuntasach den 75 % de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig an iarnród agus chuig uiscebhealaí intíre. | (4) Ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais agus ***tionscal*** a chlaochlú ***agus*** athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais ***agus infheistíocht i mbonneagar,*** go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta. Tugtar le tuiscint ***le claochlú den chineál sin*** go gcuirfear dlús leis an aistriú chun soghluaisteacht cliste***, bunaithe ar astaíochtaí nialasacha, idirmhódúil*** agus inbhuanaithe ***leis an iarnród i gcroílár aon straitéise soghluaisteachta nó iompair***. Is é an t-iompar is cúis le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, méid atá ag fás go fóill. Chun neodracht a bhaint amach ***a luaithe is féidir*** ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú ***uile-Aontais*** 90% ar astaíochtaí iompair faoi 2050 ***ar a dhéanaí***. Le hiompar inbhuanaithe a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d'úsáideoirí agus ***roghanna agus*** roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana ***go huilíoch***, níos sláintiúla agus níos glaine a chur ar fáil dóibh ná na nósanna soghluaisteachta atá acu faoi láthair ***agus iad siúd a úsáideann modhanna soghluaisteachta inbhuanaithe cheana féin amhail rothaíocht agus siúl a dhaingniú***. Tugtar le tuiscint sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear |

dlús leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe***, idirmhódúil*** agus chliste chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Go háirithe, ba cheart cuid shuntasach den 75% de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig an iarnród agus chuig uiscebhealaí intíre***, gan brú a chur ar thuilleadh canálaithe ná doimhnithe aibhneacha a dhéanamh***.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (5) Tá ról tábhachtach le himirt ag iompar d'iarnróid chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí maidir le cuspóir na neodrachta a bhaint amach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Tá sé ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó agus astaíonn sé i bhfad níos lú CO2 ná an taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleán, agus is é an t-aon mhodh iompair inar laghdaíodh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na hastaíochtaí CO2 uaidh ar bhonn comhsheasmhach ó 1990. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar an tomhailt fuinnimh ón iompar d'iarnród idir 1990-2016[18] agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh. | (5) ***Tá an tsoghluaisteacht ar cheann de phríomhcholúin an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus*** tá ról tábhachtach ag iompar d'iarnróid ***chun geilleagar an Aontais a dhícharbónú agus a*** chuspóir chun neodrachta a bhaint amach ó thaobh aeráide de faoi 2050 ***ar a dhéanaí***. Tá sé ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó agus astaíonn sé i bhfad níos lú CO2 ná an taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleán, agus is é an t-aon mhodh iompair inar laghdaíodh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na hastaíochtaí CO2 uaidh ar bhonn comhsheasmhach ó 1990. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar an tomhailt fuinnimh ón iompar d'iarnród idir 1990-2016[18] agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh. ***Dá bhrí sin, ba cheart go dtacófaí leis an treocht sin trí fhuinnimh ghlasa a chur chun cinn.*** |
| [18] Leabhar Póca Staidrimh 2019 AS MOVE "Iompar AE i bhfigiúirí" (foinse: Eurostat) | [18] Leabhar Póca Staidrimh 2019 AS MOVE "Iompar AE i bhfigiúirí" (foinse: Eurostat) |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) I gcomhthéacs ghealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus faoin gComhaontú Glas, is príomhghníomhaithe iad na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus na húdaráis phoiblí i gcomhar leis an earnáil iarnróid chun na cuspóirí atá leagtha síos a chur chun feidhme agus a sholáthar.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) Ní mór go mbeadh straitéis don aistriú cóir sin, lena gcuirtear san áireamh an gá le nascacht iompair inacmhainne agus inrochtana, chomh maith le cearta oibrithe, ag gabháil le húsáid foinsí fuinnimh inathnuaite san earnáil iarnróid, ar úsáid í atá ag dul i méid.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5c) Tá comhpháirtíochtaí idir taighde agus forbairt, tionscal, Ballstáit agus a réigiúin tábhachtach chun tacú le taighde agus nuálaíocht maidir le hiompar.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5d) Cuid ríthábhachtach d'iarrachtaí an Aontais chun an t-athrú aeráide a comhraic is ea modhanna iompair atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don chomhshaol agus fuinneamhéifeachtúil a chruthú agus a fheabhsú. Ós rud é go gcuireann an tAontas tacaíocht ar fáil le haghaidh infheistíochta i mbonneagar iarnróid trína chistí agus ionstraimí, tá iarmhairt dhíreach aige ar chur chun cinn an iarnróid, ar cheart an leas is mó is féidir a bhaint as. I bhfianaise éagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit ó thaobh líonraí iarnróid agus bonneagar gaolmhar de, is tábhachtach an ról atá ag an mbeartas comhtháthaithe sna réigiúin ar fad, ach go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha agus ceantair thuaithe, trí fheabhas a chur ar líonraí iarnróid inmheánacha agus trasteorann an Aontais. Leis an mbeartas comhtháthaithe, cuirtear ról leanúnach treisithe ar fáil freisin le haghaidh infheistíochtaí i dtreo Eoraip níos glaise do chách. Dá réir sin, bheadh sé tábhachtach go mbeadh údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta páirteach sa phlé maidir leis an bpleanáil ilbhliantúil, digitiú bonneagair iarnróid agus tionscadail nuachóirithe, agus infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a fheabhsú go ginearálta i réigiúin agus comhar trasteorann a spreagadh idir údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. D'fhéadfadh forbairt eacnamaíoch áitiúil tairbhe a bhaint as seirbhísí iarnróid inbhuanaithe, nua-aimseartha agus leictrithe. Mar sin féin, beidh acmhainní breise ag teastáil chun an t-iompar d'iarnród a nuachóiriú, agus aird ar leith á tabhairt ar infheistíochtaí poiblí i mbonneagair iompair, lena gcuirfear le spriocanna aeráide an Aontais, leis an nuálaíocht, leis an*** |

***tsábháilteacht, le fostaíocht agus éifeachtúlacht chuibhiúil ghlas agus nua-aimseartha.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Trí phríomhbhealaí iompair an Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha an Aontais**,** rannchuidíonn an earnáil iarnróid le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus ilchríoch. | (6) Trí phríomhbhealaí iompair agus bealaí iompair den dara grád san Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha an Aontais, ***ceantair thuaithe a nascadh lena chéile agus le limistéir uirbeacha agus trí naisc thrasteorann nach bhfuil ann a chruthú, is gné ríthábhachtach í*** an earnáil iarnróid ***in iompar agus turasóireacht inbhuanaithe agus*** rannchuidíonn sí le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus ilchríoch. ***Tá ról lárnach ag iarnród i bhforbairt, feabhas a chur ar shoghluaisteacht, agus cuidíonn sé chun stop a chur le himeacht daonra ó cheantair thuaithe agus réigiúin bheagfhorbartha an Aontais, trí chóir iompair inmharthana a sholáthar. Is dúshlán fós é naisc níos fearr a chruthú do chion módach iarnróid agus é a mhéadú, áfach. Níor cheart go leanfar de bheith ag díchóimeáil líonraí áitiúla iarnróid agus stáisiún traenach nach bhfuil chomh brabúsach céanna, go háirithe i gceantair thuaithe agus theorann. Tá éagsúlachtaí móra idir na Ballstáit maidir le hinfheistíocht sa líonra, sa rothstoic agus sa tseirbhís. Dá bhrí sin, ba cheart straitéisí agus pleananna chun feabhas níos mó a chur ar bheartais iarnróid agus líonraí an Aontais a fhiosrú agus borradh a chur fúthu chun iompar poiblí a dhigitiú agus chun naisc a athbhunú, agus chun naisc atá in easnamh a chomhlánú trí rothstoic a athnuachan, a leictriú agus a nuachóiriú agus trí chomhar idir*** |

| | |
|---|---|
| | ***cuideachtaí iompair d'iarnród a chothú***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, lena n-áirítear an gá le torann a laghdú. A luaithe a bheidh na constaicí sin sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur faoin iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe agus do ghnólachtaí araon. | (7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. ***Chun na cuspóirí maidir le haistriú modúil a leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le hIompar 2011 ón gCoimisiún, ní mór don iomaíocht idir iompar d'iarnród agus iompar lastas iarnróid a bheith cóir agus cothrom, agus costais sheachtracha iompair á gcur san áireamh go hiomlán chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach***. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach limistéar Eorpach aonair iarnróid***, a bhfuil tionchar suntasach acu ar iomaíochas agus tarraingteacht iompair d'iarnród,*** lena n-áirítear***, inter alia, costas iompair iarnróid atá sách ard, an easpa nasc simplí agus díreach, na muirir le haghaidh rochtana ar bhonneagar iarnróid, bacainní ar rothstoic a chur i mbun seirbhíse, éagsúlacht córas rialúcháin agus rialacháin oibriúcháin agus*** maidir leis an ngá le torann a laghdú. A luaithe a bheidh na constaicí sin sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht ***agus méadú ar thacaíocht Eorpach d'idirmhódúlacht,*** beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur faoin iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe***, go háirithe do dhaoine óga agus saoránaigh atá ina gcónaí i réigiúin fhorimeallacha, d'oibrithe*** agus do ghnólachtaí araon. ***Chun iompar d'iarnród atá níos*** |

***comhleanúnaí agus níos tarraingtí a áirithiú ar fud na hEorpa, ba cheart béim a leagan freisin ar fheabhas a chur ar chearta paisinéirí, ar chórais áirithinte agus ar chórais ticéad níos fearr, ar infheistíochtaí i mbonneagar, ar níos mó traenacha oíche lena soláthrófaí naisc thapa agus neamhdhíobálacha don chomhshaol ar fud an Aontais, ar chórais iarnróid éadroma a thabhairt isteach arís, amhail trambhealaí i limistéir uirbeacha, agus ar an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur chun feidhme ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de***.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Ionas go mbainfidh sí barr a cumais amach mar fhostóir tábhachtach san Aontas Eorpach, ní mór don earnáil iarnróid a lucht saothair a éagsúlú agus mná agus daoine óga a mhealladh go háirithe. Tá sé ríthábhachtach na seirbhísí iompair is fearr a chur ar fáil chun tairbhe na n-úsáideoirí, agus go mbeadh dálaí oibre archáilíochta ag oibrithe iarnróid;*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don | (8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don |

| | |
|---|---|
| Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, ba cheart 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid. Bliain thábhachtach a bheidh in 2021 i dtaca le beartas iarnróid an Aontais, an chéad bhliain iomlán a bheidh inti ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, is é sin le rá margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iompair iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise san hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, ***i líon áirithe Ballstát***, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon "Europalia" déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch. | Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht chliste inbhuanaithe, ***idirmhódúil agus mar thaca le gealltanais an Aontais do Chlár Oibre 2030 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe***, ba cheart 2021 a dhearbhú Bliain Eorpach an Iarnróid. Beidh 2021 ina bhliain thábhachtach do bheartas iarnróid an Aontais agus beidh 2021 freisin ar an gcéad bhliain iomlán ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, eadhon maidir le margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise sna hiarnróid, lena n-áirítear ***naisc idir-réigiúnacha agus laistigh de na réigiúin agus*** traenacha oíche, ***go háirithe i measc daoine óga***, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon 'Europalia', déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir na Bliana Eorpaí spreagadh a thabhairt d'iarrachtaí an Aontais, iarrachtaí na mBallstát, iarrachtaí na n-údarás réigiúnacha agus áitiúla, agus iarrachtaí eagraíochtaí eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun an chuid de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar an iarnród a mhéadú. Go háirithe, déanfaidh an Bhliain Eorpach | Is é cuspóir na Bliana Eorpaí spreagadh a thabhairt d'iarrachtaí an Aontais, iarrachtaí na mBallstát, iarrachtaí na n-údarás réigiúnacha agus áitiúla, ***ENRanna,*** agus iarrachtaí eagraíochtaí ***poiblí agus príobháideacha*** eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun an chuid de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar an iarnród a mhéadú. Go háirithe, |

| | |
|---|---|
| | déanfaidh an Bhliain Eorpach: |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach ***agus*** sábháilte***,*** go háirithe trí bhéim a leagan ar ról ***an iarnróid*** chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí chun cuidiú le cuspóir na neodrachta ó thaobh aeráide de san Aontas a bhaint amach faoi 2050 agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe an t-aos óg; | (a) an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, ***inacmhainne, inrochtana,*** nuálach, sábháilte ***agus aontach do chách***, go háirithe ***trí rothstoc níos ciúine, níos glaise agus níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a úsáid, trí dhiospóireacht Eorpacha a spreagadh maidir le hiompar d'iarnród a fhorbairt mar fhíor-rogha mhalartach, inrochtana agus uilíoch ar mhodhanna iompair atá saincheaptha don duine aonair agus ar eitiltí gearraistir agus meánaistir,*** trí ***shoghluaisteacht idirmhódúil agus ar leibhéal réigiúnach a áirithiú,*** trí bhéim a leagan ar a ról chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí chun cuidiú le cuspóir na neodrachta ó thaobh aeráide de san Aontas a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí*** agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe an t-aos óg ***agus saoránaigh atá ina gcónaí i gceantair fhorimeallacha agus thuaithe chomh maith leis an ról dearfach a d'fhéafadh a bheith ag iarnróid mar ionstraim téarnaimh don tréimhse tar éis COVID-19 agus géarchéimeanna eile;*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aird a tharraingt chomh maith ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród***,*** gné a cheanglaíonn saoránaigh le chéile, gné lena mbeifear in | (b) aird a tharraingt ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród, ***a bhfuil ról ríthábhachtach aici in iompar agus turasóireacht*** |

| | |
|---|---|
| ann an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, gné a chothaíonn comhtháthú agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú; | ***inbhuanaithe, réigiúnach agus áitiúil a fhorbairt,*** gné a cheanglaíonn ***ceantair thuaithe, iargúlta agus fhorimeallacha níos dlúithe le codanna eile an Aontais agus*** saoránaigh le chéile, a ligeann dóibh an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, ***gné a dhéanann a dícheall chun naisc atá in easnamh a chomhlánú,*** gné a chothaíonn comhtháthú ***sóisialta, eacnamaíoch agus críochach faoi chuspóirí an Bheartais Chomhtháthaithe tar éis 2020 le haghaidh Eoraip níos glaise agus níos nasctha i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le pobail áitiúla*** agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú; |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) béim a chur ar an ngá práinneach le hiompar leictrithe thar achair fhada agus ghearra, agus a thábhachtaí atá sé, agus an gá le feabhas a chur ar inrochtaineacht ar bhonneagar iompair agus seirbhísí do na paisinéirí ar fad;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) infheistíocht an Aontais a chur i leataobh chun naisc iarnróid atá ann cheana, úsáidte nó neamhúsáidte a athghníomhú nó a uasghrádú agus chun naisc atá in easnamh idir réigiúin teorann a chomhlánú d'iompar paisinéirí agus lastas araon;*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, tionscal agus sochaí de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear, go háirithe, gnéithe a bhaineann le forbairt réigiúnach, ***iomaíochas*** tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, nuálaíocht, fostaíocht, oideachas, an t-aos óg agus cultúr, agus feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas***;*** | (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, tionscal agus sochaí de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear, go háirithe, gnéithe a bhaineann le forbairt ***inbhuanaithe*** réigiúnach, forbairt ***uirbeach/na tuaithe*** agus forbairt ***trasteorann/áitiúil***, ***cosaint na haeráide, aistriú*** tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, nuálaíocht , ***cuimsiú sóisialta***, fostaíocht ***atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de***, oideachas, an t-aos óg agus cultúr, agus feabhas a chur ar inrochtaineacht ***do dhaoine scothaosta, grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus*** daoine faoi mhíchumas ***agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rannchuidiú le cur chun cinn an iarnróid mar ghné thábhachtach sa chaidreamh idir an tAontas agus tíortha comharsanacha, ***go háirithe*** sna Balcáin Thiar, agus an rannchuidiú sin a bhunú ar an spéis agus ar na riachtanais atá le sonrú i dtíortha comhpháirtíochta agus ar shaineolas ***an Aontais*** maidir le hiompar iarnróid. | (d) rannchuidiú le cur chun cinn an iarnróid mar ghné thábhachtach sa chaidreamh idir an tAontas agus tíortha comharsanacha, ***amhail tíortha comharsanacha*** sna Balcáin Thiar, ***i dtíortha Chomharsanachta an Oirthir agus sa Ríocht Aontaithe***, agus an rannchuidiú sin a bhunú ar an spéis agus ar na riachtanais atá le sonrú i dtíortha comhpháirtíochta, ***réigiúin agus bardais teorann***, agus ar shaineolais maidir le hiompar d'iarnród ***a mhalartú***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) tionchar fadtéarmach Bhliain Eorpach 2021 a áirithiú i bhfoirm tionscadal sonrach a chuirfear chun cinn agus a dhéanfar sna blianta ina diaidh faoi ghealltanas leanúnach na ngeallsealbhóirí ábhartha ar fad amhail na hinstitiúidí Eorpacha agus a ngníomhaireachtaí, gnóthais iarnróid, údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta atá freagrach as bainistiú cistí Eorpacha;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) rannchuidiú le hiarnród a chur chun cinn mar bhealach chun soghluaisteacht agus gluaiseacht shealadach nithe agus trealaimh a chumasú d'fhonn comhar a cheadú agus comhar leanúnach a éascú idir grúpaí a bhaineann le cultúr agus oideachas, agus leas á bhaint as an bhfíric go gcuirtear bealach maith ar fáil trí shoghluaisteacht shealadach daoine, nithe agus trealaimh chun deiseanna comhair a shainaithint, chomh maith le dea-chleachtais agus saineolas a roinnt;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionscnaimh agus imeachtaí chun plé a spreagadh, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht saoránach, gnólachtaí agus údarás poiblí a éascú chun tuilleadh daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, trí leas a bhaint as níos mó ná modh nó uirlis amháin, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit; | (a) tionscnaimh agus imeachtaí chun plé a spreagadh, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht saoránach, gnólachtaí agus údarás poiblí a éascú ***chun feabhas a chur ar dhálaí iompair iarnróid agus chun*** tuilleadh ***acmhainní,*** daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, ***lena n-áirítear leas a bhaint as fuinneamh glas le haghaidh bonneagar iarnróid, forbairt réigiúnach agus taiscéalaíocht críche. Rannchuideoidh na tionscnaimh sin chun feabhas a chur ar shoghluaisteacht phearsanta freisin agus chun malartú cultúrtha agus turasóireacht inbhuanaithe a chothú***, trí leas a bhaint as níos mó ná modh nó uirlis amháin, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit, ***ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear limistéir teorann maidir le tionscnaimh iarnróid a fhaigheann cistiú ón gclár INTERREG lena ngné Eorpach;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tionscnaimh agus imeachtaí chun feasacht a ardú maidir le hacmhainneacht na hearnála iarnróid chun an fhéidearthacht go n-éireoidh pobail áitiúla, réigiúin chósta agus réigiúin iargúlta níos iargúlta, in ionad a lánpháirtíocht le limistéir uirbeacha agus réigiúnacha a chothú, a chosc;*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) feachtais feasachta phoiblí maidir le hacmhainneacht TEN-T chun comhtháthú a chur chun cinn agus chun forbairt thionsclaíoch agus eacnamaíoch a chothú i réigiúin nach cuid de líonraí tábhachtacha iad, inar cheart do thionscadail agus infheistíochtaí soláthar seirbhísí iompair ardcháilíochta d'iarnród agus naisc áitiúla idir ceantair iargúlta agus conairí agus éiceachórais uirbeacha níos mó a chumhdach, d'fhonn borradh a chur faoi aistriú modúil agus comhtháthú sóisialta araon ag an am céanna;*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) tionscnaimh lena mbaineann údaráis réigiúnacha agus áitiúla i bplé maidir le pleanáil ilbhliantúil, pleananna chun bonneagar iarnróid a dhigitiú agus a nuachóiriú agus feabhais fhorleathana ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i réigiúin ina bhféadfadh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus forbairt eacnamaíoch áitiúil tairbhe mhór a bhaint as seirbhísí iarnróid inbhuanaithe, nua-aimseartha agus leictrithe;*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gníomhaíochtaí scaipthe faisnéise, taispeántas, gníomhaíochtaí spreagtha, gníomhaíochtaí oideachais agus múscailte | (b) faisnéis, taispeántais, inspioráid, ***oiliúint, oideachas, obair shóisialta*** agus feachtais mhúscailte feasachta chun athrú |

| | |
|---|---|
| feasachta chun athrú iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe a bhaint amach; | iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí, ***lena n-áirítear san earnáil iarnróid,*** agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe, ***nuálaí, sábháilte agus inrochtana*** a bhaint amach, ***agus daoine á spreagadh chun eolas a chur ar an Eoraip go gníomhach ag an am céanna;*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) taithí agus dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla, na sochaí sibhialta, gnólachtaí agus scoileanna a roinnt maidir le húsáid a bhaint as an iarnród a chur chun cinn agus conas athrú iompraíochta ar gach leibhéal a chur chun feidhme; | (c) taithí agus dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta, réigiúnach, agus áitiúil, na sochaí sibhialta, ***ENRanna, gnólachtaí, agus ceardchumann agus*** scoileanna a roinnt maidir le húsáid ***shábháilte*** a bhaint as an iarnród a chur chun cinn agus conas athrú iompraíochta ar gach leibhéal ***a bhaineann le húsáideoirí iompair agus fostaithe uile a chur chun feidhme, agus réitigh phraiticiúla, dhaonna a roinnt maidir leis an inrochtaineacht is fearr do dhaoine faoi mhíchumas, agus daoine scothaosta; tacaíocht airgeadais an Aontais do thionscadail iarnróid a léiriú, go háirithe naisc thrasteorann atá in easnamh, cuir chuige díláraithe agus nascacht réigiúnach;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tabhairt faoi staidéir agus gníomhaíochtaí nuálacha agus na torthaí a bhaineann leo a scaipeadh ar bhonn | (d) tabhairt faoi staidéir agus gníomhaíochtaí nuálacha agus na torthaí a bhaineann leo a scaipeadh ar bhonn Eorpach nó ar bhonn náisiúnta ***agus*** |

Eorpach nó ar bhonn náisiúnta; ***agus***

***réigiúnach**, **lena n-áirítear maidir le líonra Eorpach motorbhealaí iarnróid, úsáid fuinnimh ghlais do bhonneagar iarnróid, agus staidéir chun díriú ar fhoinsí Eorpacha cistithe agus sineirgí eatarthu i dtionscadail a bhaineann le línte iarnróid, go háirithe línte trasteorann;***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tionscadal agus líonraí a bhaineann leis an mBliain Eorpach a chur chun cinn lena n-áirítear tríd na meáin chumarsáide, líonraí sóisialta agus trí ríomhphobail eile. | (e) ***cumarsáid idirghníomhach maidir le*** tionscadail agus líonraí a bhaineann leis an mBliain Eorpach a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd na meáin chumarsáide, líonraí sóisialta agus trí phobail ar líne eile. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) staidéir agus suirbhéanna ar leibhéal réigiúnach chun riachtanais na saoránach maidir le hiompar d'iarnród a mheas.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) imeachtaí a eagrú chun oidhreacht stairiúil agus chultúrtha na n-iarnród a chur chun cinn;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ec) feachtais chun muinín na saoránach a athbhunú chun iompar poiblí d'iarnród do phaisinéirí a úsáid;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ed) feachtais chun fórsa oibre na hearnála iarnróid a éagsúlú, trí mhná agus oibrithe óga go háirithe a mhealladh;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ee) feachtais chun réitigh ghlasa atá glactha cheana a chur chun cinn;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Sainaithneoidh agus scrúdóidh an tAontas príomhthionscadail agus príomhbhearta amhail:*** |
| | ***(a) athghníomhachtúchán agus iolrúchán a dhéanamh ar línte iarnróid*** |

***áitiúla, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha do phaisinéirí agus do lastas, ar stáisiúin traenach áitiúla agus ar naisc ó línte traenach áitiúla go línte traenach ardluais agus fadachair;***

***(b) príomhthionscadail agus príomhbhearta a shainaithint agus cur chun cinn ar leibhéil éagsúla ar féidir leo cabhrú chun na cuspóirí a bhaint amach go fadtéarmach, amhail iarracht chomhpháirteach Eorpach chun infheistíocht a spreagadh i motorbhealaí iarnróid, críochfoirt agus rothstoc mar rogha aistrithe mhódúil feabhsaithe a rannchuideoidh le comhtháthú réigiúnach agus dícharbónú iompair lastais;***

***(c) iarracht chomhpháirteach Eorpach chun líonra de línte traenach oíche nua-aimseartha a thabhairt ar ais ar phraghasanna inacmhainne, a dhéanfaidh freastal ar gach Ballstát agus ar thíortha comharsanacha;***

***(d) córas aontaithe d'áirithint ticéad agus do phas bhuntáiste a fhorbairt d'iarnród Eorpach lena gcumasófar do thomhaltóirí ticéad singil a cheannach ó aon stáisiún Eorpach go stáisiún ar bith eile, go neamhspleách ón gcuideachta iarnróid, agus le cearta paisinéirí á ráthú agus ar an bpraghas is fabhraí;***

***(e) samhlacha fadtéarmacha inbhuanaithe d'iompar poiblí áitiúil saor in aisce;***

***(f) cur chun cinn na n-iarnród trí rátaí fabhracha CBL ar an leibhéal náisiúnta;***

***(g) comhtháthú cuspóirí líonraí agus seirbhísí iarnróid atá glas, nuálach, digiteach, sábháilte agus inrochtana i straitéis thionscal an Aontais, lena n-áirítear a ról le haghaidh comhtháthaithe, fostaíocht oilte agus chuibhiúil agus malartú cultúrtha.***

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon le Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach, tagairt a dhéanamh don Bhliain Eorpach agus úsáid a bhaint as an sainaitheantas físeach a bhaineann léi maidir le cur chun cinn na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1. | 2. ***Déanfaidh*** institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon leis na Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach, tagairt don Bhliain Eorpach agus úsáid a bhaint as an sainaitheantas físeach a bhaineann léi maidir le cur chun cinn na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, ***agus déanfaidh an Coimisiún, ag gach céim den chur chun cinn, tagairt chuí do thacaíocht ón Aontas Eorpach a fhaightear le haghaidh tionscadal agus tionscamh atá cistithe mar chuid den Bhliain Eorpach.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar leibhéal náisiúnta a eagrú. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit comhordaitheoirí náisiúnta a cheapadh. Áiritheoidh na comhordaitheoirí náisiúnta comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta. | Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar leibhéal náisiúnta a eagrú. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit comhordaitheoirí náisiúnta ***agus, i gcás inar gá, fochomhordaitheoirí réigiúnacha agus áitiúla*** a cheapadh. Áiritheoidh na comhordaitheoirí náisiúnta, ***i gcomhréir leis na fochomhordaitheoirí, i gcás ina n-ainmnítear duine amháin nó níos mó,*** comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta go tráthrialta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. ***Feidhmeoidh*** na cruinnithe sin ***mar dheis*** malartaithe faisnéise ***chomh maith*** maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais***;*** ***féadfaidh*** ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sna ***cruinnithe sin mar bhreathnóirí***. | 1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta go tráthrialta, ***lena mbaineann gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla,*** chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. Feidhmeoidh na cruinnithe sin ***mar dheis*** malartaithe faisnéise maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar an leibhéal ***réigiúnach***, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; ***tabharfar cuireadh d'***ionadaithe ***ó Pharlaimint na hEorpa, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ó Choiste Eorpach na Réigiún*** chun páirt a ghlacadh sna ***malartuithe*** sin. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh cur chuige trasnaí i leith comhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d'fhonn sineirgí a chruthú idir cláir éagsúla an Aontais agus tionscnaimh lena ndéantar cistiú ar thionscadail i réimse iompair iarnróid nó a bhfuil gné den iompar d'iarnróid ag baint leo. | 2. Beidh cur chuige trasnaí i leith comhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d'fhonn sineirgí ***atá ann cheana a shainaithint agus*** sineirgí ***nua agus inbhuanaithe*** a chruthú idir cláir éagsúla an Aontais agus tionscnaimh lena ndéantar cistiú ar thionscadail i réimse iompair d'iarnród nó a bhfuil gné den iompar d'iarnród ag baint leo, ***agus é á chur san áireamh go bhfuil acmhainní breise de dhíth chun cuspóirí breise beartais a bhaint amach, seachas gan a bheith ann ach athdháiltí.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh páirtithe leasmhara agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair iarnróid, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta atá ann cheana ***agus*** na ENRanna ábhartha, mar aon le heagraíochtaí don aos óg agus comhphobail, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. | Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh geallsealbhóirí agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair d'iarnród, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta ***agus trasréigiúnacha*** atá ann cheana, ENRanna ábhartha agus ***comhpháirtithe sóisialta***, mar aon le heagraíochtaí don aos óg agus comhphobail, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bliain Eorpach an Iarnróid (2021) |
| **Tagairtí** | COM(2020)0078 – C9-0076/2020 – 2020/0035(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | TRAN<br>11.3.2020 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | REGI<br>11.3.2020 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Martina Michels<br>11.5.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 6.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 37<br>–: 0<br>0: 5 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François Alfonsi, Mathilde Androuët, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Erik Bergkvist, Stéphane Bijoux, Franc Bogovič, Andrea Cozzolino, Corina Crețu, Rosa D'Amato, Tamás Deutsch, Christian Doleschal, Francesca Donato, Raffaele Fitto, Chiara Gemma, Cristian Ghinea, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Ondřej Knotek, Constanze Krehl, Elżbieta Kruk, Cristina Maestre Martín De Almagro, Pedro Marques, Nora Mebarek, Martina Michels, Niklas Nienaß, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Tsvetelina Penkova, Caroline Roose, André Rougé, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret, Monika Vana |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Vlad-Marius Botoş, Izabela-Helena Kloc, Stefania Zambelli |

## VÓTAIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 37 | + |
| --- | --- |
| ECR | Raffaele Fitto, Izabela-Helena Kloc, Elżbieta Kruk |
| GUE/NGL | Martina Michels, Younous Omarjee |
| NI | Rosa D'Amato, Chiara Gemma |
| PPE | Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Tamás Deutsch, Christian Doleschal, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Andrey Novakov |
| RENEW | Stéphane Bijoux, Vlad-Marius Botoş, Cristian Ghinea, Ondrej Knotek, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret |
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Erik Bergkvist, Andrea Cozzolino, Corina Creţu, Constanze Krehl, Cristina Maestre Martín De Almagro, Pedro Marques, Nora Mebarek, Tsvetelina Penkova |
| VERTS/ALE | François Alfonsi, Niklas Nienaß, Caroline Roose, Monika Vana |

| 0 | - |
| --- | --- |
| | |

| 5 | 0 |
| --- | --- |
| ID | Mathilde Androuët, Francesca Donato, Alessandro Panza, André Rougé, Stefania Zambelli |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

14.7.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)
(COM(2020)0078 – C9-0076/2020 – 2020/0035(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Dace Melbārde

## RÉASÚNÚ GEARR

Le hos cionn 150 bliain, bhí an t-iarnród tábhachtach don Eoraip, arb iarnród é lenar cumasaíodh soghluaisteacht nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus lenar tairgeadh deiseanna nua do dhaoine, lenar méadaíodh an trádáil, lenar cuidíodh le gnólachtaí fás agus lenar rannchuidíodh i dtreo forbairt eacnamaíoch tíortha. Inniu, tá an t-iarnród chomh tábhachtach agus a bhí sé riamh, mar cheann de na modhanna iompair is sábháilte, is glaise agus is éifeachtúla. Chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé, lena n-áirítear a acmhainneacht cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, molann an Coimisiún 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid agus an raon gníomhachtaí cumarsáide agus gníomhachtaí rannpháirtíochta sibhialta atá bainteach le Bliain Eorpach an Iarnróid a eagrú.

Tá an rapóirtéir ar aon tuairim leis an gCoimisiúin faoi thábhacht an iarnróid agus a dhintiúir ghlasa. Tá gnéithe breise faoin modh iompair sin nach mór aird chuí a thabhairt orthu, áfach.

Cé go bhfuil gá le hiarrachtaí líon na bpaisinéirí a mhéadú, tá sé chomh tábhachtach céanna gréasán agus seirbhísí bunúsacha a chur i bhfeidhm. Faoi láthair, níl naisc iarnróid ag na Ballstáit ilchríochacha uile leis an gcuid eile den Eoraip nó an bonneagar atá riachtanach chun iad a chumasú. Is réamhriachtanas é chun traein a úsáid ná an rogha a bheith ann ar an gcéad dul síos. Gan a bheith comhtháthaithe i ngréasán iarnróid na hEorpa, tá nach mór na hearnálacha uile de na Ballstáit ábhartha faoi mhíbhuntáiste soiléir. Tá an t-oideachas, an taisteal agus an cultúr i measc na n-earnálacha is tábhachtaí a ndéantar difear dóibh. Maidir le hoideachas, tá tionchar ag an iarnród, freisin, ar pháirt a ghlacadh i gcláir agus i dtionscnaimh AE a bhfuil tóir orthu, amhail Erasmus+ agus DiscoverEU. Tá scoláirí ó réigiúin forimeallacha AE agus iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ag cailleadh amach go minic.

Is amhlaidh don chultúr agus don turasóireacht Roghnaíonn ceathrar as deichniúr Eorpach a gceann scríbe bunaithe ar a bhfuil á thairiscint ann ó thaobh cultúir de. Rachaidh sé chun leasa do chathracha agus do réigiúin ag a bhfuil bonneagar iompair níos fearr, lena n-áirítear naisc iarnróid mhaithe. Leis na bearta sláinteachais leanúnacha i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19, beidh éileamh níos mó ar thraenacha, ní hamháin mar cheann de na roghanna is inbhuanaithe agus is sábháilte, ach go minic mar an t-aon mhalairt olliompair ar aerthaisteal atá inmharthana agus inacmhainne, rud a bhfuiltear ag dréim leis a bheidh i bhfad níos daoire. Go luath amach

anseo, caillfidh go leor taistealaithe a d’fheadfadh a bheith ann ó na réigiúin is forimeallaí de AE amach níos mó ar thaisteal cultúrtha fadachair go hiomlán mar go mbeidh na costais aerthaistil ró-ard agus nach mbeidh iarnród ar fáil sa cheantar. Ní mór do Bhliain an Iarnród aird a tharraingt ar na fadhbanna thuas agus ba cheart an gá le clúdach geografach níos mó d’iarnród a chur chun cinn.

Níor cheart go ndíreodh Bliain an Iarnróid ar thaisteal agus ar iompar earraí agus daoine d’iarnród, agus air sin amháin, ach, freisin, ar ról stairiúil agus ar ról reatha na dtraenacha, na stáisiún iarnróid agus an bhonneagair iarnróid. San am a chuaigh thart, bhíodar ríthábhachtach i dtraidisiúin agus i bhféiniúlachtaí réigiúnacha a fhorbairt agus chothaíodar forbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Inniu, tá siad mar chuid d’oidhreacht chultúrtha na hEorpa, a bhfuil gá iad a bhlaiseadh, ach, freisin, a bhfuil gá iad a chur chun cinn agus iad a chosaint. Is catalaigh thábhachtacha iad na traenacha, freisin, in ailtireacht ardchaighdeán agus pleanáil cathrach cliste a chur chun cinn agus feidhmíonn siad mar áiteanna d’idirghníomhaíochtaí cultúrtha agus do léirithe ealaíonta. Idir an dá linn, is féidir le taisteal ar thraein, gan beann ar an gceann scríbe, a bheith ina eispéireas é féin agus is minic gur áit í a dhéanann idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha a éascú.

Lena bhfoghlaimítear ón mBliain Eorpach a bhí ann roimhe seo, cuireann an rapóirtéir béim ar an ngá le rannpháirtíocht ghníomhach le raon mór geallsealbhóirí, go háirithe an tsochaí shibhialta eagraithe, ní hamháin chun Bliain an Iarnróid a dhéanamh rathúil, ach chun oidhreacht bheartais bhuan a áirithiú, freisin. Sa bhreis ar na geallsealbhóirí a liostaítear sa togra ón gCoimisiún, tá ról tábhachtach le himirt ag comhlachais chultúrtha, ag eagraíochtaí don óige agus ag eagraíochtaí oideachais agus oiliúna éagsúla chun tábhacht agus úsáid an iarnróid a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, tá an rapóirtéir den tuairim nach mór do shineirgí idir na cláir agus tionscnaimh éagsúla AE an ghné fíoriarnróid a shárú agus nach mór dóibh cláir a chur ar áireamh a chuireann rannpháirtíocht shibhialta amhail cláir i réimse an oideachais, an chultúir agus na hóige chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, tugann Bliain an Iarnróid an deis do chomhpháirtíochtaí buana le cuideachtaí iarnróid a thógáil, rud a fhéadfaidh cúnamh a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh cláir shoghluaisteachta AE féin, go háirithe Erasmus+, níos glaise.

Creideann an rapóirtéir i dtábhacht an iarnróid, i dtábhacht a luacha shóisialaigh, i dtábhacht a luacha chultúrtha, i dtábhacht a luacha comhshaoil agus i dtábhacht a luacha eacnamaíoch, agus ina acmhainneacht chun dlús a chur le comhthathú ilchríochach agus é a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Beidh ról suntasach le himirt ag an iarnród i gcuidiú le cuspóirí aeráide i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach agus fás inbhuanaithe amach anseo a chur chun cinn.

Ar deireadh, aithníonn an rapóirtéir an staid atá á forbairt san Eoraip de dheasca ráig COVID-19 agus an neamhchinnteacht a bhaineann léi, go háirithe don taisteal, ach, freisin, d’imeachtaí, do chruinnithe agus do dhíospóireachtaí, atá ina gcuid lárnach de thionscnamh na Bliana Eorpaí. Beidh le feiceáil má tá gá le dáta tosaithe Bhliain an Iarnróid a chur siar.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019[15], Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach. Is straitéis nua fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta d'úsáid acmhainní. | (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019[15], Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach. Is straitéis nua fáis ***inbhuanaithe*** é an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm leis sochaí chothrom agus rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní; |
| [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final) | [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final) |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ag teacht le cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais, go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta, ***rud a thugann le fios gur gá dlús a chur leis an*** | (4) Ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá gá le geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartais, go háirithe i réimse an iompair agus na soghluaisteachta. ***Leanann astaíochtaí ó*** iompar d***e bheith*** |

| | |
|---|---|
| ***aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus cliste.*** Is é an t-iompar ***is cúis*** le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, méid atá ***ag fás go fóill***. Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Le hiompar inbhuanaithe a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d'úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana, níos sláintiúla agus níos glaine ná na nósanna soghluaisteachta a chur ar fáil dóibh na mar atá acu faoi láthair. ***Tugtar le tuiscint*** sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear dlús leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. ***Go háirithe,*** ba cheart sciar mór den 75% de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig na hiarnród agus chuig uiscebhealaí intíre. | ***ag fás, arb ionann iad agus*** aon cheathrú d’astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, ***agus is é an t-iompar uirbeach atá freagrach as cuid shuntasach de na hastaíochtaí sin.*** Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Chun iompar inbhuanaithe a bhaint amach, ***ní mór*** tús áite a thabhairt d’úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana ***go huilíoch***, níos sláintiúla agus níos glaine a thabhairt dóibh i gcomparáid leis na nósanna soghluaisteachta ***uirbeacha agus idiruirbeacha*** atá acu faoi láthair. Tuigtear leis an gChomhaontú Glas don Eoraip, ***dá bhrí sin***, go bhfuil ***dlús le cur*** leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste ***agus go bhfuiltear le haistriú go dtí glanastaíochtaí nialasacha.*** Ba cheart ***freisin*** cuid shuntasach den 75% de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig an iarnród agus chuig uiscebhealaí intíre; |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá ról tábhachtach le himirt ag iompar d'iarnróid ***chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí*** maidir le cuspóir na neodrachta ***a bhaint amach*** ó thaobh aeráide de faoi 2050. Tá sé ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó agus ***astaíonn*** sé i bhfad níos lú CO2 ná an taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleán, agus is é an t-aon mhodh iompair inar laghdaíodh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na hastaíochtaí CO2 uaidh ar bhonn comhsheasmhach ó bhí 1990 ann. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar an tomhailt | (5) Tá ról tábhachtach le himirt ag an iarnród ***chun*** cuspóir ***an Aontais*** maidir le neodracht ó thaobh aeráide de ***a bhaint amach*** faoi 2050. Tá sé ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó agus ***ní sheasann siad ach do 0,5% d’iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa***[17a] ***a thagann ón iompar,*** leibhéal i bhfad níos lú CO2 ná an taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleán, agus is é an t-aon mhodh iompair é inar laghdaíodh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na hastaíochtaí CO2 uaidh ar bhonn comhsheasmhach ó 1990. Ina |

| | |
|---|---|
| fuinnimh ón iompar d'iarnród idir 1990-2016[18] agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh. | theannta sin, tháinig laghdú ar an tomhailt fuinnimh ón iompar d'iarnród idir 1990-2016[18] agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh; |
| __________________ | __________________ |
| | [17a] ***Cúinne Preasa an Choimisiúin Eorpaigh "2021: Bliain Eorpach an Iarnróid" (foinse: Eurostat, EU28 - 2017)*** |
| [18] Leabhar Póca Staidrimh 2019 Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair "Iompar AE i bhfigiúirí" (foinse: Eurostat) | [18] Leabhar Póca Staidrimh 2019 Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair "Iompar AE i bhfigiúirí" (foinse: Eurostat) |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Trí phríomhbhealaí iompair an Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha an Aontais***, rannchuidíonn*** an earnáil iarnróid le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus ilchríoch. | (6) ***Tá mórán Ballstát gan naisc éifeachtacha leis an ngréasán Eorpach iarnróid nó leis an mbonneagar atá riachtanach chun iad a chumasú.*** Trí phríomhbhealaí iompair ***agus bealaí iompair den dara grád san Aontas*** a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha, ***is féidir*** leis an earnáil iarnróid ***níos mó a dhéanamh chun rannchuidiú*** le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach ***agus a chur ar chumas mhuintir na hEorpa cur amach a fháil ar an mór-roinn agus malartú cultúrtha a chothú. Maidir le háiteanna nach bhfuil naisc iarnróid iontu nó a bhfuil naisc den sórt sin á bhforbairt iontu, is féidir le naisc idirmhodúlacha, mar shampla seirbhís tointeála bus, cabhrú le rochtain ar go leor réigiún agus críoch forimeallach a fheabhsú;*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 6 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(6a) Tá ról tábhachtach ag an iarnród freisin chun tacú le téarnamh an gheilleagair i ndiaidh COVID-19 tríd an aistriú glas agus an aistriú digiteach a chur chun cinn ag an am céanna. Is féidir le hinfheistíocht i naisc ardluais iarnróid feabhas a chur ar éifeachtacht eacnamaíoch, mar shampla tríd an am comaitéireachta a laghdú d'oibrithe nó an t-am taistil a laghdú do thurasóirí. Ar an dul céanna, is féidir le hinfheistiú i soláthar WI-FI i dtraenacha borradh a chur faoi tháirgiúlacht agus feabhas a chur ar eispéireas an taistil. Is gá naisc trasteorann nach bhfuil fós ann a bhunú, bealaí iarnróid nach bhfuil in úsáid a athbhunú, seirbhísí traenach oíche a thabhairt ar ais, feabhsú agus nuachóiriú a dhéanamh ar an mbonneagar iarnróid agus ar rothstoc agus feabhas a chur ar naisc idirmhodúlacha. Beidh ar phlean téarnaimh an Aontais agus ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027 an cistiú is gá a leithdháileadh ionas go bhféadfar an infheistiú atá ag teastáil san iarnród a bhrú ar aghaidh;*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 6 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(6b) Tá úsáid níos mó a bhaint as iompar iarnróid in ann ról tábhachtach a bheith aige ó thaobh nós maireachtála sláintiúil a spreagadh agus ó thaobh sábháilteacht a fheabhsú. Is féidir taisteal ar an traein a nascadh go héasca le siúl agus rothaíocht, agus trí am a chaitheamh ar an traein seachas i gcarr d'fhéadfaí an teagmháil le truailliú a laghdú chomh maith le leibhéil struis. Is meán sábháilte iompair atá i dtaisteal*** |

| | |
|---|---|
| | ***traenach chomh maith.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, lena n-áirítear ***an gá le*** torann ***a laghdú***. A luaithe a bheidh na constaicí ***sin*** sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur faoin iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe agus do ghnólachtaí araon. | (7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid. ***Tá tionchar suntasach ag na constaicí sin ar iomaíochas agus tarraingteacht an iompair d'iarnród agus áirítear leo leibhéil éagsúla de mhuirir rochtana bonneagair, bacainní ar rothstoc a chur i mbun seirbhíse agus córais rialaithe agus rialacháin oibríochta atá éagsúil le chéile. Tá a tharraingtí atá iompar d'iarnród laghdaithe tuilleadh ag an easpa inrochtaineachta atá ann do dhaoine faoi mhíchumas, ag praghsanna arda ar thicéid i dtíortha áirithe agus ag an iomarca*** torainn. Trí theacht ó ***na*** constaicí ***éagsúla*** sin, in éineacht le laghdú costais agus nuálaíocht luathaithe, beidh an t-iarnród in ann a acmhainneacht iomlán a bhaint amach ***ar fud na hEorpa***. Dá bhrí sin, ní mór borradh breise a chur faoin iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí, ***níos inacmhainne agus níos inrochtana*** do thaistealaithe, ***go háirithe daoine óga,*** agus do ghnólachtaí araon; |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Tá ról sochaíoch ag traenacha, ag stáisiúin traenach agus ag an mbonneagar iarnróid a théann níos faide ná a bpríomhchuspóir teicniúil, ós rud é go rabhadar rítábhachtach ó thaobh na staire de i dtraidisiúin agus i bhféiniúlachtaí réigiúnacha a fhorbairt agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chothú. Inniu, is catalaigh thábhachtacha iad stásiúin traenach agus an bonneagar traenach in ailtireacht ardchaighdeáin, i bhforbairt inbhuanaithe agus i bpleanáil chliste cathrach a chur chun cinn. Is léiriú ar oidhreacht chultúrtha thionsclaíoch thábhachtach ina gceart féin iad freisin. Tá ról déach ag stáisiúin traenach sa lá atá inniu ann: ní hamháin gur moil iompair iad, ach is ardáin thábhachtacha iad freisin le haghaidh feachtais faisnéise agus le haghaidh tionscadail oideachasúla, chultúrtha agus shóisialta agus dá bhrí sin is áiteanna iad atá lárnach sa phobal áitiúil. Thairis sin, is féidir le taisteal ar an traein a bheith ina eispéireas ann féin agus go n-éascaíonn sé idirghníomhú agus malartú sóisialta agus cultúrtha;*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Tá ról fíorthábhachtach ag oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil ó thaobh feabhas a chur ar an tuiscint atá ar thábhacht agus luach an iarnróid agus ó thaobh daoine a spreagadh chun iompar iarnróid a úsáid. Is féidir le rannpháirteachas gníomhach le bunaíochtaí oideachais, go háirithe le scoileanna, cabhrú le borradh a chur faoi*** |

***úsáid an iarnróid. Is féidir bunaíochtaí oideachais a spreagadh freisin le foghlaim óna chéile ar mhaithe le curaclaim a fhorbairt a chumasóidh foghlaim faoi ghnéithe stairiúla, teicniúla agus comhshaoil den iompar d'iarnród agus chun úsáid an iarnróid le haghaidh turais scoile agus malartuithe oideachais a chur chun cinn;***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7c) Ba cheart don Aontas a áirithiú go ndéanfadh a chuid clár soghluaisteachta trasnáisiúnta féin, lena n-áirítear i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, an taighde, an chultúir agus na hóige, go háirithe Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Eoraip na Cruthaitheachta, aon uair is féidir, tosaíocht a thabhairt don iarnród mar an modh taistil a roghnaítear. Is féidir le rochtain ar sheirbhísí iarnróid inacmhainne cabhrú le tacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí na cláir a dhéanamh níos cuimsithí trí chlúdach geografach agus socheacnamaíoch a leathnú. Mar atá léirithe ag an scéim soghluaisteachta gearrthéarmaí lena dtugtar cead do dhaoine óga an tAontas Eorpach a thaiscéaladh, #DiscoverEU, is féidir le comhpháirtíochtaí idir an Coimisiún agus oibreoirí iarnróid soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn go héifeachtach laistigh de chláir an Aontais agus ar an gcaoi sin tá an fhéidearthacht acu athruithe i nósanna na ndaoine a chothú;*** |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7d) Tá sé léirithe ag taithí roimhe seo ar an 'mBliain Eorpach' gur féidir rannpháirteachas éifeachtach sa tionscnamh a bhaint amach trí shineirgí le cláir ábhartha eile an Aontais a fhorbairt, go háirithe i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, an chultúir agus na hóige. Déanann cláir den sórt sin foghlaim, cumarsáid agus saoránacht ghníomhach a chothú agus is féidir leo, dá réir sin, tacú leis an mBliain Eorpach, mar shampla trí thionscadail oideachais ábhartha faoi Erasmus+ nó trí thionscadail chultúrtha faoi Eoraip na Cruthaitheachta a bhfuil téarma iarnróid ag roinnt leo. Ar an gcaoi chéanna, is féidir leis an mBliain Eorpach roghanna soghluaisteacht níos glaise a spreagadh laistigh de na cláir. Léirigh taithí roimhe seo go soiléir freisin gur féidir le rannpháirteachas gníomhach le raon leathan geallsealbhóirí, go háirithe an tsochaí shibhialta eagraithe, cuidiú le hoidhreacht bheartais bhuanfasach a áirithiú;*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, ba cheart 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid. Bliain thábhachtach a bheidh in 2021 i dtaca le beartas iarnróid | (8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, ba cheart 2021 a ainmniú mar Bhliain Eorpach an Iarnróid. Beidh 2021 ina bliain thábhachtach do bheartas iarnróid an |

| | |
|---|---|
| an Aontais, an chéad bhliain iomlán a bheidh inti ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, is é sin le rá margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iompair iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise san hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, ***i líon áirithe Ballstát***, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon "Europalia" ***déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do*** thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch. | Aontais, an chéad bhliain iomlán ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, eadhon maidir le margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise san hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, ***sna Ballstáit sin a bhfuil na seirbhísí sin iontu,*** mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Thairis sin, ***beidh traenacha ina dtéama ag*** féile idirnáisiúnta ealaíon 'Europalia', ***atá beartaithe le tosú i mí Dheireadh Fómhair 2021, rud a thabharfaidh chun suntais ní hamháin oidhreacht*** na n-iarnród ***ach, freisin,*** tionchar na n-iarnród ar na healaíona agus a thabharfaidh chun suntais ról an iarnróid mar thionscnóir cumhachtach ó thaobh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch de; |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir na Bliana Eorpaí spreagadh a thabhairt d'iarrachtaí an Aontais, iarrachtaí na mBallstát, iarrachtaí na n-údarás réigiúnacha agus áitiúla, agus iarrachtaí eagraíochtaí eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun an chuid de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar an ***iarnród a mhéadú. Go*** háirithe, déanfaidh an Bhliain Eorpach | Is é a bheidh mar chuspóir ag an mBliain Eorpach ná spreagadh a thabhairt d'iarrachtaí an Aontais, na mBallstát, na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, agus eagraíochtaí ***agus geallsealbhóirí ábhartha eile ó thaobh tábhacht stairiúil, reatha agus todhchaíoch an iarnróid don Eoraip a chur chun cinn, mar aon le forbairt na n-iarnród mar chomhchuid lárnach de bheartas inbhuanaithe iompair agus soghluaisteachta an Aontais, tríd*** an sciar de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar an ***iarnród a mhéadú. Go*** háirithe, déanfaidh an Bhliain Eorpach |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach ***agus*** sábháilte***,*** go háirithe trí bhéim a leagan ar ról an iarnróid chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí chun cuidiú le ***cuspóir na neodrachta*** ó thaobh aeráide de san Aontas ***a bhaint amach*** faoi 2050 agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe an ***t-aos óg***; | (a) ***luach an*** iarnróid a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach, sábháilte, ***áisiúil agus inacmhainne***, go háirithe trí bhéim a leagan ar ról an iarnróid mar ***uirlis chomhtháthaithe chríochach agus mar mhodh féideartha*** chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí chun cuidiú le ***cuspóir na neodrachta*** ó thaobh aeráide de san Aontas ***a bhaint amach*** faoi 2050 agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe ***daoine óga agus daoine scothaosta;*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aird a tharraingt chomh maith ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród***, gné a*** cheanglaíonn saoránaigh le chéile, ***gné lena mbeifear in ann an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh,*** gné a chothaíonn comhtháthú agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach ***an Aontais a chomhtháthú***; | (b) aird a tharraingt ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d’iarnród, ***a*** thugann saoránaigh níos gaire dá chéile, a chothaíonn comhtháthú agus a rannchuidíonn le ***forbairt mhargadh*** inmheánach ***an Aontais***, ***ach fós a tharraingíonn aird ar neamhréireachtaí sa bhonneagar iarnróid trasna Ballstáit agus ar a thábhachtaí atá sé naisc iarnróid a fhorbairt chun feabhas a chur ar roghanna soghluaisteachta shaoránaigh uile an Aontais;*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, ***tionscal agus*** sochaí de chuid an ***Aontais***, ***lena gcumhdaítear, go háirithe, gnéithe a bhaineann le forbairt réigiúnach,*** iomaíochas tionsclaíoch, ***turasóireacht inbhuanaithe***, nuálaíocht, fostaíocht, oideachas, an t-aos óg ***agus*** cultúr, ***agus feabhas a chur ar*** inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas; | (c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid le geilleagar, sochaí ***agus*** iomaíochas tionsclaíoch ***an Aontais, trí naisc le forbairt réigiúnach, le comhtháthú trasteorann, leis an ngeilleagar scothaoise,*** le nuálaíocht, le fostaíocht, le hoideachas, leis an aos óg, le cultúr ***agus le spórt a chur os comhair an phobail agus a neartú, agus le fócas speisialta ar*** inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ***agus do dhaoine le soghluaisteacht laghdaithe***; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) iompar d'iarnród a chur chun cinn mar an rogha iompair is fearr do dhaoine atá rannpháirteach i gcláir shoghluaisteachta an Aontais maidir le hoideachas agus oiliúint, taighde, an óige, spórt agus cultúr trí scéimeanna dreasachta agus tionscnaimh a fhorbairt chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht go háirithe do dhaoine ar lú na deiseanna a bhíonn acu;*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) iompar d'iarnród a chur chun cinn mar rogha taistil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus is féidir a úsáid in ionad eitiltí meánachair agus gearra agus atá in ann*** |

***an tionchar comhshaoil ar iompar a bhaineann leis an turasóireacht a laghdú, turasóireacht níos inbhuanaithe a chumasú agus deis a thabhairt do dhaoine an tAontas lena ilghnéitheacht go léir a thaiscéaladh;***

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) aird a tharraingt ar luach traenacha, stáisiún traenach agus bonneagair iarnróid mar chuid dhílis d'oidhreacht chultúrtha thionsclaíoch an Aontais a chaithfear a chosaint agus a chur chun cinn agus turasóireacht chultúrtha inbhuanaithe a chothú ag tógáil ar na naisc le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018;*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionscnaimh ***agus imeachtaí*** chun plé a spreagadh, feasacht a ardú agus ***rannpháirtíocht*** saoránach, gnólachtaí ***agus*** údarás poiblí ***a éascú*** chun tuilleadh daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, trí leas a bhaint as níos mó ná modh nó uirlis amháin, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit; | (a) tionscnaimh chun plé a spreagadh, feasacht a ardú agus ***dul i dteagmháil le*** saoránaigh, ***leis an tsochaí shibhialta eagraithe,*** le gnólachtaí, le húdaráis phoiblí ***agus le geallsealbhóirí ábhartha eile*** chun tuilleadh daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac ***trí thaisteal agus turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn mar aon le naisc le modhanna iompair eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol amhail rothair agus trí mhalartú cultúir a chothú*** trí iliomad bealaí agus uirlisí, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gníomhaíochtaí scaipthe faisnéise, ***taispeántas, gníomhaíochtaí spreagtha***, gníomhaíochtaí oideachais agus múscailte feasachta chun athrú iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí ***iompair*** atá níos inbhuanaithe a bhaint amach; | (b) feachtais faisnéise, oideachais agus múscailte feasachta, ***lena n-áirítear ar bhonn ar líne, agus taispeántais chun úsáid mhéadaithe an iarnróid a spreagadh, lena n-áirítear tríd an líonra traenacha oíche atá cheana ann,*** chun athruithe i ***dtuiscint*** phaisinéirí, thomhaltóirí agus ghnólachtaí a spreagadh agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe, ***níos inrochtaine, níos inacmhainne agus níos sábháilte*** a bhaint amach; |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) feachtais agus comhroinnt dea-chleachtas chun daoine a spreagadh chun an traein a úsáid chun an Eoraip agus a hoidhreacht chultúrtha a thaiscéaladh, lena n-áirítear iarnróid mar chuid d'oidhreacht chultúrtha thionsclaíoch na hEorpa, agus chun imeachtaí cultúrtha agus spóirt atá inrochtana leis an traein a chur chun cinn, chomh maith le tionscadail atá maoinithe le Eoraip na Cruthaitheachta mar a bhfuil traenacha ina suíomh agus ina gcroí don tionscadal;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) comhpháirtíochtaí agus scéimeanna dreasachta a fhorbairt le hoibreoirí iarnróid, lena n-áirítear i dtríú tíortha, chun tacú le réitigh iompair inbhuanaithe agus inacmhainne do dhaoine atá rannpháirteach i gcláir shoghluaisteachta an Aontais, go háirithe Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) taithí agus dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla, na sochaí sibhialta, ***gnólachtaí agus*** scoileanna a roinnt maidir le húsáid a bhaint as an iarnród a chur chun cinn agus conas athrú iompraíochta ar gach leibhéal ***a chur chun feidhme***; | (c) taithí agus dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, na sochaí sibhialta, ***na gcomhpháirtithe sóisialta, na ngnólachtaí, lena n-áirítear oibreoirí turais eagraithe,*** na scoileanna agus ***na n-eagraíochtaí eile oideachais agus oiliúna, na gcomhlachas cultúrtha, na n-eagraíochtaí don óige agus geallsealbhóirí ábhartha eile*** a roinnt maidir le ***tábhacht agus*** úsáid an iarnróid a chur chun cinn agus conas athrú iompraíochta ar gach leibhéal ***a spreagadh;*** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tabhairt faoi staidéir agus gníomhaíochtaí nuálacha agus na torthaí a bhaineann leo a scaipeadh ar bhonn Eorpach ***nó*** ar bhonn náisiúnta; agus | (d) staidéir agus gníomhaíochtaí nuálacha a dhéanamh, agus na torthaí a bhaineann leo a scaipeadh, ar bhonn Eorpach, náisiúnta ***nó réigiúnach***; agus |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tionscadal agus líonraí a bhaineann leis an mBliain Eorpach a chur chun cinn lena n-áirítear tríd na meáin chumarsáide, líonraí sóisialta agus trí ***ríomhphobail*** eile. | (e) tionscadail agus líonraí a bhaineann leis an mBliain Eorpach a chur chun cinn, ***go háirithe féile Europalia,*** lena n-áirítear trí na meáin chumarsáide, trí líonraí sóisialta agus trí phobail ***ar líne*** eile, ***ionas go sroichfear an spriocghrúpa is leithne agus is féidir;*** |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon le Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach, tagairt a dhéanamh don Bhliain Eorpach agus úsáid a bhaint as an sainaitheantas físeach a bhaineann léi maidir le cur chun cinn na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1. | 2. Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon le Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach, ***déanfaidh siad*** tagairt don Bhliain Eorpach agus bainfidh siad úsáid as an sainaitheantas físeach a bhaineann léi i gcur chun cinn na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 ***agus déanfaidh siad, ag gach céim den chur chun cinn, tagairt chuí d'aon tacaíocht ón Aontas a fhaightear le haghaidh tionscadal agus tionscamh atá cistithe mar chuid den Bhliain Eorpach;*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht*** sa Bhliain Eorpach ar leibhéal náisiúnta ***a eagrú. Chun na críche sin***, déanfaidh na Ballstáit comhordaitheoirí náisiúnta a cheapadh. | ***Chun comhordú na ngníomhachtaí ábhartha don Bhliain Eorpach*** ar an leibhéal náisiúnta ***a áirithiú,*** déanfaidh na Ballstáit comhordaitheoirí náisiúnta a cheapadh. Déanfar na comhordaitheoirí |

| | |
|---|---|
| ***Áiritheoidh*** na comhordaitheoirí náisiúnta ***comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta.*** | náisiúnta ***a cheapadh ar bhonn a saineolais agus an tiomantais atá cruthaithe acu i leith fhorbairt an iarnróid.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta go tráthrialta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. Feidhmeoidh na cruinnithe sin mar dheis malartaithe faisnéise chomh maith maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais***; féadfaidh*** ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa ***a bheith rannpháirteach sna*** cruinnithe sin mar bhreathnóirí. | 1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta go tráthrialta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. Feidhmeoidh na cruinnithe sin freisin mar dheis malartaithe faisnéise ***agus dea-chleachtas*** maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. ***Tabharfar cuireadh d'***ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa chuig na cruinnithe sin mar bhreathnóirí. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh cur chuige ***trasnaí*** i leith comhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d'fhonn sineirgí a chruthú idir cláir éagsúla an Aontais agus tionscnaimh lena ndéantar cistiú ar thionscadail i réimse iompair iarnróid ***nó a bhfuil*** gné den iompar d'iarnróid ag baint leo. | 2. Beidh cur chuige ***trasearnálach*** ann i leith chomhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d'fhonn sineirgí ***inbhuanaithe*** a chruthú idir cláir agus tionscnaimh éagsúla an Aontais lena ndéantar cistiú ar thionscadail i réimse an iompair d'iarnród, a bhfuil gné iarnróid ag baint leo nó ***lena ndéantar rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn, amhail cláir i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, an chultúir agus na hóige.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh páirtithe leasmhara agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair iarnróid, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta atá ann cheana agus na ENRanna ábhartha, mar aon le heagraíochtaí don aos óg ***agus comhphobail,*** chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. | Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le geallsealbhóirí agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair d’iarnród, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta ***agus trasréigiúnacha*** atá ann cheana agus na ENRanna ábhartha, mar aon le heagraíochtaí don aos óg, ***cumainn chultúrtha agus geallsealbhóirí oideachais agus oiliúna*** chun cúnamh a thabhairt dó an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún glaonna ar thograí agus ar thionscadail a eagrú***, ach sin ag brath ar an mbuiséad,*** ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh mar gheall ar rannchuidiú den scoth le cuspóirí na bliana. | Féadfaidh an Coimisiún glaonna ar thograí agus ar thionscadail a eagrú, ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh mar gheall ar a rannchuidiú den scoth le cuspóirí na bliana. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha na Bliana Eorpaí, i gcás inar gá, comhoibreoidh an Coimisiún le heagraíochtaí ***inniúla*** idirnáisiúnta, agus san am céanna déanfaidh sé infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais a áirithiú. | Chun críocha na Bliana Eorpaí, i gcás inar gá, comhoibreoidh an Coimisiún le heagraíochtaí idirnáisiúnta ***ábhartha, lena n-áirítear i réimsí an chultúir agus an oideachais, agus le húdaráis ábhartha i dtíortha comharsanacha***, agus ag an am |

| | |
|---|---|
| | céanna déanfaidh sé infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais a áirithiú. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Buiséad*** |
| | ***Is é EUR 8 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022.*** |
| | ***Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán na dtionscnamh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus faoi bhráid Choiste na Réigiún. | Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán na dtionscnamh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. ***Sa tuarascáil sin, áireofar inti freisin aon tograí beartais nó reachtacha ábhartha chun obair leantach maidir leis an mBliain Eorpach a dhéanamh.*** |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bliain Eorpach an Iarnróid (2021) |
| **Tagairtí** | COM(2020)0078 – C9-0076/2020 – 2020/0035(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | TRAN<br>11.3.2020 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | CULT<br>11.3.2020 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Dace Melbārde<br>30.4.2020 |
| **Pléite sa choiste** | 6.7.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 13.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Christine Anderson, Andrea Bocskor, Vlad-Marius Botoş, Ilana Cicurel, Gilbert Collard, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Alexis Georgoulis, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Milan Zver |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Isabel Benjumea Benjumea, Marcel Kolaja |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Angel Dzhambazki |

## VÓTAIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| PPE | Asim Ademov, Isabel Benjumea Benjumea, Andrea Bocskor, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Milan Zver |
| S&D | Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio |
| RENEW | Vlad-Marius Botoş, Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva |
| ID | Gilbert Collard |
| VERTS/ALE | Romeo Franz, Marcel Kolaja, Niklas Nienaß |
| ECR | Angel Dzhambazki, Dace Melbārde, Andrey Slabakov |
| GUE/NGL | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Christine Anderson, Gianantonio Da Re |

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Title** | Bliain Eorpach an Iarnróid (2021) |
| **References** | COM(2020)0078 – C9-0076/2020 – 2020/0035(COD) |
| **Dáta tíolactha do Pharlaimint na hEorpa** | 4.3.2020 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | TRAN<br>11.3.2020 |
| **Coistí ar iarradh tuairim uathu**<br>Dáta a fógartha sa suí iomlánach | ENVI 11.3.2020; ITRE 11.3.2020; REGI 11.3.2020; CULT 11.3.2020 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI 2.6.2020; ITRE 3.4.2020 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Anna Deparnay-Grunenberg<br>6.5.2020 |
| **Pléite sa choiste** | 23.6.2020 24.9.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.10.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 45<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Johan Danielsson, Andor Deli, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Bogusław Liberadzki, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Dominique Riquet, Dorien Rookmaker, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Angel Dzhambazki, Markus Ferber, Tomasz Frankowski, Roman Haider, Anne-Sophie Pelletier, Markus Pieper, Marianne Vind |
| **Dáta don chur síos** | 14.10.2020 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 45 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Roberts Zīle |
| GUE/NGL | Kateřina Konečná, Elena Kountoura, Anne-Sophie Pelletier |
| ID | Marco Campomenosi, Roman Haider, Lucia Vuolo |
| NI | Mario Furore, Dorien Rookmaker |
| PPE | Andor Deli, Gheorghe Falcă, Markus Ferber, Tomasz Frankowski, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Markus Pieper, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska |
| RENEW | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Johan Danielsson, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, István Ujhelyi, Marianne Vind, Petar Vitanov |
| VERTS/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Julie Lechanteux, Philippe Olivier |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh